# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2020

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.


Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Mharcála

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d'fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht an chuir chuige a ghlacann aon iarrthóir ar leith i gcás aon cheiste, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.

**Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil Gno 2020**

Ar son freagra iomlán ceart féadfaidh scrúdaitheoirí marc iomlán amháin a bhronnadh, e.g. sé mharc nó líon páirtmharcanna, e.g. 2 mharc, 3 mharc, 1 mharc a chuireann leis an iomlán céanna.

| Nóta Mínithe | Brí |
|---|---|
| ✓ n | Bronntar n marc |
| ✓ | Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra |
| EVAL | Measúnú.<br>Marcanna bronnta don mheasúnú |
|  | Leathanach bán nó cuid de leathanach |
| Pn | Cuir as an áireamh n marc<br><br>Coigeartú ar son marcanna as ceist iomarcach nár cuireadh as áireamh go huathoibríoch le bogearra marcála |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL 2020
# SCÉIM MHARCÁLA

**ROINN 1**
**(80 marc)**

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt.**
**Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**

| Ceist | Scéim | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | 3,2,2,2,1. | 10 |
| **2.** | 3,2,2,2,1. | 10 |
| **3.** | (a) 4m<br>(b) (2 x 3m) | 10 |
| **4.** | 3,2,2,2,1. | 10 |
| **5.** | (i) 4m (2+2)<br>(ii) 3m<br>(iii) 3m | 10 |
| **6.** | (i) 5 (3m + 2m)<br>(ii) 5 (3m + 2m) | 10 |
| **7.** | 3,2,2,2,1. | 10 |
| **8.** | (2 x 5m) (3m + 2m) | 10 |
| **9.** | (i) 2m + 2m + 2m<br>(ii) (2 x 2m) (1m + 1m) | 10 |
| **10.** | (i) Ríomh = 1+1+1+3<br>(ii) 4m (2+2) | 10 |
| **Roinn 1** | **Marcanna atá ar fáil** | **80** |

## ROINN 2 – 80 MARC
**Gléasanna Medway**

| **Ceist ar an nGnó Fheidhmeach (Aonad 2, 3 & 4)**<br>**Ní mór an cheist seo a fhreagairt.** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh scileanna/tréithe fiontraíochta Shéamais Uí Cinnéide agus tagairt agat don téacs. | 4 x 5m (1+2+2) | 20 |
| **(B)** | **(i)** Déan measúnú ar na scileanna bainistíochta a léiríonn Máire Ní Ghoill i nGléasanna Medway.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **<u>impleacht</u>** amháin don ghnólacht a bhaineann leis an stíl bhainistíochta a léiríonn Máire. | 3 x 8m (2+3+2+1)<br>Luaigh,<br>Míniú forbartha, Nasc,<br>Measúnú<br><br>6m (2+2+2) | 30 |
| **(C)** | Pléigh na feidhmeanna atá ag an Rannóg Acmhainní Daonna ag Gléasanna Medway. | 3 x 10m<br><br>(3+3+2+2) | 30 |
| **Roinn 2** | **Marcanna atá ar fáil** | | **80** |

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d'iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

## ROINN 3 -240 MARC

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar a leanas:
Ceist **amháin** as **Cuid 1**, **Dhá** cheist as **Cuid 2,** agus ceist **amháin** eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2.**
Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

## CUID 1

### Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

| **Ceist 1**<br>**Daoine sa Ghnó** | | | **Uasmharc** |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Léirigh conas a d'fhéadfadh caidreamh comhoibríoch idir Aldi agus a chuid soláthraithe teacht chun cinn.<br><br>**(ii)** Déan cur síos ar chaidreamh iomaíoch idir Aldi agus ollmhargaí atá in iomaíocht leis.<br><br>**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a mbaineann tomhaltóirí buntáiste as gnólachtaí a bheith in iomaíocht le chéile. | 7m<br>4(2+2)+3<br><br>7m<br>4(2+2)+3<br><br>6m<br>(3+3)<br>Luaigh agus Mínigh | 20 |
| **(B)** | Mínigh na cearta dlíthiúla atá ag tomhaltóirí faoi théarmaí an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980, agus tagairt agat do **thrí** cinn ar bith díobh seo a leanas:<br>1. Seirbhísí<br>2. Ráthaíochtaí<br>3. Comharthaí a chuireann teorainn le cearta tomhaltóirí<br>4. Cáilíocht Inmhargaidh. | 2 x 7m<br>(4+3)<br><br>1 x 6m<br>(3+3) | 20 |
| **(C)** | Pléigh na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). | 4 x 5m (2+3) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 2<br><br>Timpeallacht Intíre | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Pléigh **trí** thréith a bhaineann le gnólacht atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar rud **amháin** a mbíonn tionchar aige ar ghnólacht nuair a bhíonn air a chuid freagrachtaí i leith na timpeallachta a bhaint amach. | 3 x 5m (3+2)<br><br>5m (3+2) | 20 |
| **(B)** | Léirigh na cúiseanna a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCs) in Éirinn. | 4 x 5m (2+3) | 20 |
| **(C)** | Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh rialtas na hÉireann a bpolasaithe maidir le caiteachas a úsáid chun tacú le gnólachtaí in Éirinn. **<u>Úsáid samplaí chun do chuid freagraí a léiriú.</u>** | 2@7 (4+3)<br>1@6 (3+3)<br><br>Ráiteas agus Sampla | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 3<br>Timpeallacht Idirnáisiúnta | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Mínigh na téarmaí **Comhordú na Trádála** agus **Comhordú na nÍocaíochtaí**.<br><br>**(ii)** Ríomh na figiúirí do **Chomhordú na nÍocaíochtaí** ó na sonraí thuas. Taispeáin do chuid oibre.<br><br>**(iii)** Léirigh an bhrí atá leis an téarma **taraif**. | 2 x 4m (2+2)<br><br>8@1m<br><br>4(2+2) | 20 |
| **(B)** | Pléigh na buntáistí **agus** na dúshláin do ghnólachtaí Éireannacha a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach. | 5 x 5m (2+3) | 25 |
| **(C)** | Bhí tionchar ag Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) ar an trádáil idirnáisiúnta. Tabhair breac-chuntas ar fhorbairtí sa TFC a rinne níos éasca é do ghnólachtaí Éireannacha a bheith ag trádáil go hidirnáisiúnta. | 3 x 5m (3+2) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

## ROINN 3

## CUID 2

### Fiontraíocht

| Ceist 4<br>Bainistíocht | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha éagsúla pleanála a chuireann le rath gnólachta.<br>Bíodh baint ag do fhreagra le Good4U, agus aon bhonn tuisceana atá cuí á gcur san áireamh agat. | 4 x 5m (2+2+1) | 20 |
| **(B)** | **(i)** Léirigh, le léaráid, struchtúr eagrúcháin feidhmiúil do ghnólacht déantúsaíochta cosúil le Good4U.<br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr eagrúcháin feidhmiúil. | 10m (3,3,2,2)<br><br>2 x 5m (2+3) | 20 |
| **(C)** | **(i)** Mínigh, agus tú ag úsáid sampla, an téarma **infhiontraíocht**.<br>**(ii)** Léirigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as an infhiontraíocht. | 8m (3+2+3)<br><br>2 x 6m (2+2+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 5<br>Bainistíocht | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Mínigh an bhrí atá le **táthcheangal.**<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le táthcheangal mar mhodh leathnaithe gnólachta. | 5m (3+2)<br><br>3 x 5m (2+3) | 20 |
| **(B)** | Déan cur síos ar na cúiseanna a ndéanann gnólacht taighde margaidh. | 4 x 5m (2+3) | 20 |
| **(C)** | Déan measúnú ar chaipiteal fiachais in aghaidh caipiteal cothromais mar mhodhanna chun leathnú gnólachta a mhaoiniú. | 4@4(2+2)<br>MEASÚNÚ (0,2,4) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 6<br>Bainistíocht | | | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Agus tú ag tagairt do Chultúr na Spórtlainne, léirigh cad is **margadh nideoige** ann.<br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a chuirfeadh banc Dhónaill san áireamh sula gceadófaí iarratas ar iasacht airgid. | 6m (3+3)<br><br>2@5(3+2)<br>1@4m(3+1) | 20 |
| **(B)** | **(i)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le Cumasú Fostaithe.<br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhac **amháin** a d'fhéadfadh a bheith ar Chumasú Fostaithe. | 3 x 5m (3+2)<br><br>5m (3+2) | 20 |
| **(C)** | **(i)** Mínigh an téarma **árachas dliteanais phoiblí**.<br><br>**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál árachais, **seachas dliteanas poiblí**, a d'fhéadfadh a bheith ag gnólacht. | 5m (3+2)<br><br>3 x 5m (3+2) | 20 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

| Ceist 7<br><br>Gnó i nGníomh | | | Uasmharc |
|---|---|---|---|
| **(A)** | Pléigh na buntáistí a bhaineann le híomhá branda láidir a bheith ag gnólacht.<br>Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. | 2@7 (4+3)<br>1@6 (3+3)<br><br>Buntáiste, sampla | 20 |
| **(B)** | **(i)** Mínigh an téarma **coincheap margaíochta**.<br><br>**(ii)** Déan measúnú ar na gnéithe **Cur chun cinn** agus **Áit** den Chumasc (Mheascadh) Margaíochta do tháirge **nó** do sheirbhís a roghnaíonn tú féin. | 5m (3+2)<br><br>2 x 10m<br>(4+1+4)<br>1m Measúnú | 25 |
| **(C)** | Pléigh na buntáistí a bhaineann le **cuideachta phoiblí theoranta** mar chineál úinéireachta gnó. | 3 x 5m (3+2) | 15 |
| | **Marcanna atá ar fáil** | | **60** |

# AN ARDTEISTIMÉIREACHT: GNÓ – ARDLEIBHÉAL

| Roinn 1 | Ceisteanna Gearrfhreagra | 80 marc |
|---|---|---|

## NÓTAÍ TACAÍOCHTA

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **1.** | | | 1: **E**; 2: **F**; 3: **A**; 4: **C**; 5: **B** | 3,2,2,2,1 |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **E** | **F** | **A** | **C** | **B** |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.** | | | POF (CEO) | Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin | 3,2,2,2,1 |
| | | | PBR (*CRO*) | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | |
| | | | OFA (LEO) | Oifig Fiontair Áitiúil | |
| | | | ÚFT (*IDA*) | An tÚdarás Forbartha Tionscail | |
| | | | CICT (*CCPC*) | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 3. | | (a) | **Mínigh an téarma earnáil threasach.**<br>• Tagraíonn an earnáil threasach do **thionscal na seirbhísí.** Is í earnáil na seirbhísí an earnáil is mó in Éirinn. Is é aidhm na hearnála raon seirbhísí a sholáthar do ghnóthais agus do chustaiméirí. E.g. seirbhísí airgeadais, seirbhísí leighis, seirbhísí iompair, seirbhísí fóillíochta.<br>• Tá an turasóireacht ar cheann de na hearnálacha seirbhísí is suntasaí. Earnáil dlúthshaothair atá inti agus is foinse mhór fostaíochta í.<br>• Tógadh IFSC chun cuideachtaí a ghabhann do sheirbhísí a thrádáiltear go hidirnáisiúnta mar airgeadas, árachas, comhairleacht agus cumarsáid eile a mhealladh, agus chun tacaíocht a thabhairt dóibh. | 10<br><br>4m |
| | | (b) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá threocht san earnáil threasach in Éirinn.**<br>** Glac le pointí a bheadh ábhartha roimh Mhárta 2020*<br>• **Laghdú ar Dhíolacháin/Tionchar an chóróinvíris/Covid-19:**<br>Laghdú ar éileamh ar sheirbhísí mar gheall ar phaindéim Covid-19. Tharla laghdú ar dhíolacháin agus dúnadh éigeantach do ghnóthais san earnáil threasach amhail tithe tábhairne, óstáin, bialanna.<br>Glac le leaganacha éagsúla cruinne ábhartha den fhreagra thuas<br>e.g. dúnadh éigeantach mar gheall ar bhearta Covid-19, laghdú ar fhostaíocht san earnáil, etc.<br>• **Méadú ar Cháin Bhreisluacha:**<br>Méadaíodh ráta na Cánach Breisluacha in earnáil na turasóireachta agus an fháilteachais ó 9% go 13.5%. Cuireadh é sin bhfeidhm ó mhí Eanáir 2019. Mar thoradh air sin chuaigh praghsanna i méid san earnáil threasach.<br>• **Méadú ar Iomaíochas:**<br>Tá iomaíochas ó sholáthraithe seirbhíse ar líne le sárú ag soláthraithe traidisiúnta seirbhíse, e.g. bíonn iomaíocht ag seirbhísí airgeadais mar bhainc ó sholáthraithe seirbhíse ar líne mar bhanc KBC.<br>• **Laghdú ar Fhostaíocht mar gheall ar an gCoróinvíreas/Covid-19:**<br>Cuireadh oibrithe in earnáil na seirbhísí ar iomarcaíocht agus/nó laghdaíodh a gcuid uaireanta oibre mar gheall ar an laghdú ar | 6m<br>(2 x 3m) |

éileamh ar sheirbhísí. Is iad na srianta a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar thionchar an choróinvíris atá freagrach as an laghdú ar an éileamh ar sheirbhísí.

- **Ríomhthráchtáil nó Seirbhísí á gcur ar fáil ar líne mar gheall ar Covid-19:**

  Tá dinimic earnáil na seirbhísí á hathrú ag an bhfás ar ríomhghnó, ar modh é chun earraí agus seirbhísí a cheannach agus a dhíol ar an Idirlíon. Áirítear Tesco agus Next le miondíoltóirí atá ag gluaiseacht chuig oibríochtaí ar líne. Tá seirbhísí ar nós oideachais á gcur ar fáil ar líne mar gheall ar dhúnadh scoileanna a cuireadh i bhfeidhm chun srian a chur le géarchéim Covid-19.

- **Rochtain ar an teicneolaíocht:**

  Droch-rochtain ar leathanbhanda i gceantair thuaithe go háirithe.

- **Rátaí Tráchtála**

  Rátaí tráchtála a ghearrann údaráis áitiúla ar ghnóthaí. Cuireann siad brú ollmhór ar mhiondíoltóirí beaga áitiúla agus iad ag iarraidh dul in iomaíocht le miondíoltóirí níos mó.

- **Arduithe pá:**

  De bharr gur éirigh le héilimh ar arduithe pá san earnáil iompair mar Bhus Áth Cliath agus Luas tháinig éilimh chun cinn freisin san earnáil seirbhísí. Laghdóidh sé sin brabúis na seirbhíse

*** Glac le pointí a bheadh ábhartha roimh Mhárta 2020**

**Ar nós**

**Méadú ar dhíolacháin:**

Tharla fás geilleagrach in Éirinn le blianta beaga anuas. Mar gheall ar laghduithe ar MSU etc. tá níos mó airgid le caitheamh ag daoine. Mar gheall air sin tá méadú tagtha ar dhíolacháin do sholáthraithe gnó ar nós gnóthas in earnáil an fháilteachais, óstáin, bialanna, etc. Glac le forbairt chuí.

**Méadú ar an bhfostaíocht san earnáil threasach:**

Leanann líon na ndaoine atá fostaithe i dtionscal na seirbhísí ar aghaidh ag dul i méid. Tá méadú tagtha gach bliain ar an méid fostaíochta i dtionscal na turasóireachta.

D’fhéadfaí a áireamh le pointí breise: Bonneagar lag/easpa oibrithe oilte i réimsí áirithe/costas fóntas/athruithe déimeagrafacha/uathoibriú seirbhísí a gcruthaítear dífhostaíocht dá bharr (i.e. an earnáil baincéireachta). Glac le freagraí cuí eile.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **4.** | | **(i)** | Tá an brabús ó dhíol sócmhainne faoi réir **cáin ghnóthachan caipitiúil**. | 3,2,2,2,1 |
| | | **(ii)** | Sampla de cháin **fhorchéimnitheach** is ea an Muirear Sóisialta Uilíoch (MSU). | |
| | | **(iii)** | **Laghdaíonn** creidmheasanna cánach an méid ÍMAT a íocann fostaí. | |
| | | **(iv)** | Sampla de cháin **indíreach** is ea Cáin Bhreisluacha (CBL). | |
| | | **(v)** | **Caitear** le dearbhán saoire ar fiú €3000 é agus a thugtar mar shochar comhchineáil mar ioncam inchánach. | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **5.** | | **(i)** | **Maidir le reachtaíocht an AE, mínigh an téarma Rialachán.** | 10 |
| | | | Is acht reachtaíochta ceangailteach de chuid AE é an rialachán. Ní mór é a chur i bhfeidhm ina iomláine ar fud an Aontais Eorpaigh. Bíonn tosaíocht ag rialacháin ar dhlíthe náisiúnta agus ní mór iad a chur i bhfeidhm láithreach. | 4m (2+2) |
| | | **(ii)** | **Sainaithin modh amháin eile le reachtaíocht an AE a chur i bhfeidhm.** | 3m |
| | | | Treoir ó AE. | |
| | | **(iii)** | **Ainmnigh an Institiúid de chuid an AE atá freagrach as reachtaíocht an AE a mholadh.** | 3m |
| | | | Coimisiún an Aontais Eorpaigh./Coimisiún na hEorpa | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 6. | | (i) | **Mínigh an téarma gnólacht dúchais.**<br>Is é atá i ngnólacht dúchais ná gnólacht Éireannach/dúchais atá bunaithe go háitiúil agus atá faoi úinéireacht/faoi bhainistíocht cónaitheoirí Éireannacha. Táirgeann siad earraí agus seirbhísí in Éirinn. Tá spéis phearsanta dhíreach ag na húinéirí i marthanas agus i bhfás an chomhlachta. Tá a phríomhháit ghnó in Éirinn.<br>e.g. samplaí iad The Dough Bros, Eason's, SuperValu de ghnóthais atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil cónaitheoirí Éireannacha ina n-úinéirí orthu. | 10<br><br>5m (3+2) |
| | | (ii) | **Tabhair breac-chuntas ar dhúshlán amháin atá roimh ghnólachtaí dúchais.**<br><br>**Coróinvíreas/Covid-19/Laghdú ar Dhíolacháin**<br>Dúshlán do ghnólachtaí dúchais na hÉireann is ea an laghdú ar dhíolacháin mar gheall ar phaindéim Covid-19.<br>Tugann gnóthais aghaidh ar dhúshláin mar aisíocaíochtaí iasachta a chlúdach, leibhéil foirne a choimeád agus díolacháin agus brabúsacht a choimeád/a mhéadú. **Teastaíonn forbairt ar an bhfreagra**<br><br>**Iomaíocht mhéadaithe ó ghnóthaí móra eachtracha/corparáidí trasnáisiúnta/iolraí**<br>Bíonn gnóthais Éireannacha áitiúla mar chógaslanna, siopaí leabhar, siopaí nuachtán, etc., san iomaíocht le comhlachtaí mar Boots, Amazon, etc. Tá barainneachtaí móra scála ag na gnóthais sin agus mar sin bíonn sé deacair don chomhlacht dúchasach Éireannach dul san iomaíocht leo.<br><br>**Méadú ar rialáil:**<br>Tá níos mó rialachán ón Aontas Eorpach i gcás gnóthas Éireannach. Cuimsíonn siad sin rialacháin maidir leis an eolas ar cheart a thaispeáint ar phacáistiú etc.<br><br>**Easpa oibrithe oilte:**<br>Bíonn sé deacair do ghnólachtaí dúchais na fostaithe oilte atá ag teastáil uathu a aimsiú. Tá easpa oibrithe oilte i gceantair áirithe mar gheall ar imirce daoine chuig cathracha mar Bhaile Átha Cliath<br><br>**An Breatimeacht:** Mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, bíonn cúrsaí an-éiginnte do ghnólachtaí dúchais áirithe. D'fhéadfadh sé sin tionchar diúltach a imirt ar thrádáil na hÉireann. D'fhéadfadh go mbeadh bacainní trádála mar tharaifí le sárú ag gnólachtaí dúchais a onnmhairíonn chuig an Ríocht Aontaithe.<br>**D'fhéadfaí a áireamh le Pointí Breise:** Bonneagar lag/easpa oibrithe oilte i réimsí áirithe/costas fóntas/athruithe | 5m (3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | déimeagrafacha/uathoibriú seirbhísí a gcruthaítear dífhostaíocht dá bharr (i.e. an earnáil baincéireachta). | |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **7.** | | | Scríobh **Fíor** nó **Bréagach** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas.<br><br>1. Bréagach<br>2. Fíor<br>3. Fíor<br>4. Bréagach nó Fíor<br>5. Fíor | 3,2,2,2,1 |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **8.** | | | **Dífhostú Cóir –** tarlaíonn sé sin nuair a bhristear fostaí as a p(h)ost ar cheann de na cúiseanna seo a leanas: mí-iompar, iomarcaíocht, neamhinniúlacht, nó nuair a mheastar nach bhfuil an fostaí in ann a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh. Tá sé sin dlíthiúil faoin Acht um Dhífhostú Éagórach 1977/2015.<br><br>**Dífhostú Inchiallaithe –** tarlaíonn sé sin nuair a dhéantar post fostaí chomh deacair go mothaíonn sé/sí nach bhfuil an dara rogha aige/aici ach éirí as an bpost. Is faoin bhfostaí atá sé a chruthú go raibh údar aige/aici éirí as agus go bhfuil sé/sí i dteideal na dteidlíochtaí céanna agus fostaí ar tharla dífhostú éagórach dó/di. | 10<br><br>2 x 5m<br>(3+2) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **9.** | | | | 10 |
| | | **(i)** | **Dul i Léig** **Fás** **Sáithiú** | 6m (2+2+2) |
| | | **(ii)** | **Laghdaigh an Praghas:** Laghdaíonn gnóthas an praghas chun níos mó custaiméirí a tharraingt. Laghdaigh Apple praghas an iPhone 7 chun níos mó díolachán a spreagadh.<br><br>**Athraigh an Bealach Dáileacháin**: Díol ar líne chun custaiméirí a mhealladh ó gach cearn den domhan. Díol trí mhiondíoltóirí/ardáin nua mar pigsback.com a dhíríonn ar thairiscintí speisialta.<br><br>**Forbair gnéithe nua:**<br>Gnéithe nua den táirge/íomhá nua/dearadh/úsáid.<br>Déan an líne a fhairsingiú (blasanna/méideanna éagsúla).<br><br>**Cur chun cinn:** Is féidir feachtais fógraíochta/teicnící cur chun cinn díolachán a úsáid mar chleasa chun dreasacht a thabhairt don chustaiméir.<br>Déileáil leo mar phointí bailí ar leithligh.<br>• Cur chun cinn díolachán<br>• Feachtas fógraíochta/margaíochta | 2 x 2m<br>(1+1) |

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **10.** | | **(i)** | **Ríomh an méid cúitimh a bheidh le fáil ag Henry ó Allianz. Taispeáin do chuid oibre.**<br><br>Luach Árachaithe x caillteanas fulaingthe =<br>Luach Iarbhír<br><br>200,000 x €36,000 = €28,800<br>250,000 | 10<br><br>6m<br>1,1,1,3 |
| | | **(ii)** | **Mínigh an chúis a bhfaighidh Henry an méid sin cúitimh.**<br>Bheadh sárú ar an tslánaíocht freisin mar bheadh gnóthachan airgid ag an duine árachaithe. Nuair atá rud ar thearc-árachas, ní fhaigheann an duine árachaithe méid iomlán an chúitimh faoi riail an chlásail chaillroinnte. | 4m<br>(2m + 2m) |

| Roinn 2 | Ceist ar an nGnó Feidhmeach | 80 marc |
|---|---|---|

## *Gléasanna Medway*

**(A)** Pléigh tréithe/scileanna fiontraíochta Shéamais Uí Cinnéide agus tagairt agat don téacs.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| A | | | **Duine atá Sásta Seans a Ghlacadh** – Is é atá i gceist le bheith i d'fhiontraí rioscaí pearsanta (d'fhéadfadh go n-éireoidís as a bpost chun an gnó a bhunú) agus rioscaí airgeadais (caipiteal a fháil ar iasacht) araon a ghlacadh chun smaoineamh gnó a shaothrú.<br><br>***D'fhág Séamus chun leanúint den mhian a bhí aige a ghnólacht féin a reáchtáil.***<br>***NÓ***<br>***Chonaic Séamas an fhéidearthacht a bhain le dul isteach i margadh na hÁise agus rinne sé taighde ar dheiseanna chun monarcha nua dhéantúsaíochta a oscailt i Singeapór.***<br>***NÓ***<br>***Bhunaigh Séamas Gléasanna Medway in 2014.***<br><br>**Nuálach** – Tá an cumas ag fiontraithe bealaí níos fearr le rudaí a dhéanamh a cheapadh. Bíonn siad i gcónaí ar lorg smaointe nua agus bealaí nua chun táirgí agus seirbhísí atá ann cheana a fheabhsú.<br><br>***Chonaic sé deis ionchlannáin a fhorbairt d'earnáil an athchuir cromáin.***<br>***NÓ***<br>***Chonaic Séamas an fhéidearthacht a bhain le dul isteach i margadh na hÁise agus rinne sé taighde ar dheiseanna chun monarcha nua dhéantúsaíochta a oscailt i Singeapór.***<br><br>**Réalaíoch –** Feiceann fiontraithe rudaí mar atá siad, in áit iad a fheiceáil mar ab áil leat iad a bheith. Glacann siad gníomh chun rud éigin a fheabhsú/chun rud éigin a choimeád ó tharlú. Socraíonn siad spriocanna réalaíocha. Ní dhéanann siad rómheastacháin ar bhrabúis sprice etc.<br><br>***Thuig Séamas an deacracht a bhainfeadh le dul in iomaíocht le cuideachtaí móra domhanda.***<br><br>**Muiníneach –** Creideann fiontraithe ina smaoineamh agus ina gcumas an smaoineamh a fhíorú.<br><br>***Bhí sé muiníneach as a chumas agus as a tháirge féin.*** | 20<br><br><br>4 x 5m<br>(1+2+2) |

**Deiseanna a Aithint –** Is féidir le fiontraithe bearnaí sa mhargadh mar dheiseanna chun brabús a dhéanamh a aithint.

***Chonaic sé deis ionchlannáin a fhorbairt d'earnáil an athchuir cromáin.***

**Caidreamh Daonna/Líonrú/Go Maith ag Áitiú –** Foghlaimíonn fiontraithe conas líonra de theagmhálaithe a fhorbairt. Is féidir leo a chur ina luí ar fhostaithe, infheisteoirí agus chustaiméirí gur fiú spéis a chur ina smaoineamh.

***D'éirigh le Séamas roinnt infheisteoirí eile a mhealladh isteach leis.***

**Uaillmhianach –** Ní mór gur mian le fiontraithe a bheith rathúil. Is mian leo rath a bheith acu ina dtionscal.

***Bhí Séamas ag obair roimhe sin mar innealtóir táirgí ag an ollchuideachta Mheiriceánach Medline ach d'fhág sé é chun leanúint den mhian a bhí aige a ghnólacht féin a reáchtáil.***

**Tionscnaíocht –** Bíonn fionraithe réamhghníomhach agus baineann siad amach spriocanna. Bíonn fiontraithe lán d'fhuinneamh agus glacann siad gníomh nuair a bhíonn smaointe acu.

***Bhí Séamas ag obair roimhe sin mar innealtóir táirgí ag an ollchuideachta Mheiriceánach Medline ach d'fhág sé é chun leanúint den mhian a bhí aige a ghnólacht féin a reáchtáil.***

**Diongbháilte/Déanamh Cinntí –**I gcás daoine a bhfuil treallús iontu tá sé riachtanach go mbeadh sé de chumas acu cinntí éifeachtacha a dhéanamh go tapa. Is é atá i gceist le cinnteoireacht éifeachtach ná bheith in ann an scéal a mheas, roghanna a aithint, agus dhá thaobh an scéil a chur sa mheá.

***Chonaic Séamas an fhéidearthacht a bhain le dul isteach i margadh na hÁise agus rinne sé taighde ar dheiseanna chun monarcha nua dhéantúsaíochta a oscailt i Singeapór.***

**(B)** **(i)** Déan measúnú ar na scileanna bainistíochta a léiríonn Máire Ní Ghoill i nGléasanna Medway.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **B** | **(i)** | | **Ceannaireacht:**<br>• Is é atá i gceannaireacht ná an cumas daoine eile a spreagadh agus tabhairt orthu dul i dtreo áirithe.<br>Áirítear le cineálacha ceannairí uathlathacha, daonlathacha agus laissez faire.<br>• Is gnách go gcloíonn bainisteoirí a bhfuil dea-scileanna ceannaireachta acu le stíl ceannaireachta Daonlathaí. Pléann siad le baill foirne, déanann siad cumarsáid go maith agus téann siad i gcomhairle le baill foirne maidir leis na cinntí móra sa ghnóthas.<br>• Is féidir le cur chuige an cheannaire i dtreo tarmligin agus muiníne infhiontraíocht agus caidreamh tionsclaíoch a spreagadh agus dul i bhfeidhm orthu.<br><br>***Ní mó ná sásta atá an fhoireann bhainistíochta le cur chuige Mháire i leith na cinnteoireachta mar go nglacann Máire smacht iomlán ar gach cinneadh.***<br><br>*Measúnú:*<br>**Measaim** nach ceannaire éifeachtach í Máire mar go bhfuil stíl ceannaireachta uathlathaí aici, sa mhéid is go déanann sí na cinntí go léir. Ní théann sí i gcomhairle lena foireann bhainistíochta. Bíonn éifeacht dhiúltach aige sin ar mheanma foirne. **Glac le measúnú cuí.**<br><br>**Spreagadh:**<br>• Is é atá i spreagadh mar scil bhainistíochta ná cumas an bhainisteora tabhairt faoi bhaill foirne a ndícheall a dhéanamh.<br>• Tá go leor teoiricí spreagtha ann agus spreagann nithe difriúla gach fostaí. Is féidir le bainisteoirí staidéar a dhéanamh ar theoiric Ordlathas na riachtanas de chuid Maslow nó teoiric spreagtha McGregor chun a gcumas a fhorbairt le daoine eile a spreagadh.<br>• Is gnách go mbíonn fostaithe spreagtha chun oibriú go crua i dtimpeallacht ina mothaíonn siad go leagtar luach orthu, ina aithnítear a n-ionchur, agus ina gcothaítear timpeallacht dhearfach oibre.<br><br>***Tugann sí treoracha don bhainistíocht ar bhonn rialta, gan glacadh le haon aiseolas luachmhar***.<br>***NÓ***<br>***Nuair a thug sí é sin faoi deara, shocraigh Máire go mbeadh breis imeachtaí sóisialta ag an bhfoireann agus go mbeadh maoiniú breise ar fáil do chlub sóisialta na foirne.*** | 30<br><br>(3 x 8m)<br><br>Luaigh 2<br>Míniúchán 3<br>Nasc 2<br>Measúnú 1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | *Measúnú:*<br>**Ní mheasaim** gur spreagthóir éifeachtach í Maire mar nach bhfreastalaíonn sí ar riachtanais féinmhuiníne a foirne. Ní chuireann sí obair dhúshlánach ar fáil agus ní iarrann sí a gcuid tuairimí. Bíonn tionchar diúltach aige sin ar mheanma foirne.<br>**Glac le measúnú cuí.**<br><br>**Cumarsáid:**<br>• Is é atá i gceist le cumarsáid mar scil bhainistíochta ná eolas a aistriú ar bhealach ina bhfaightear an teachtaireacht, ina dtuigtear í agus a mbíonn gníomh mar thoradh air.<br>• Teastaíonn leibhéil éagsúla de scileanna cumarsáide ó bhainisteoirí.<br>• Éisteann cumarsáidithe éifeachtacha lena bhfoireann, aithníonn siad a dtuairimí, déanann siad cumarsáid dhíreach leo maidir leis an ngnó agus téann siad i gcomhairle leo nuair atá cinntí á ndéanamh a mbeidh tionchar acu orthu.<br><br>***Ní mó ná sásta atá an fhoireann bhainistíochta le cur chuige Mháire i leith na cinnteoireachta mar go nglacann Máire smacht iomlán ar gach cinneadh.***<br>***NÓ***<br>***Tugann sí treoracha don bhainistíocht ar bhonn rialta, gan glacadh le haon aiseolas luachmhar***.<br>***NÓ***<br>***Is tríd an ríomhphost is mó a dhéanann sí cumarsáid leis an bhfoireann.***<br>***NÓ***<br>***Bíonn sé deacair ar an bhfoireann labhairt le Máire faoi cheisteanna.***<br><br>*Measúnú:*<br>Ní mheasaim gur cumarsáidí éifeachtach í Máire. Measaim gur droch-chumarsáidí í mar nach mbíonn cruinnithe rialta aici leis na bainisteoirí agus nach dtéann sí i gcomhairle leis na bainisteoirí faoi chinntí. Is droch-chumarsáidí í mar go ndéanann sí cumarsáid síos agus níl sí go maith ag éisteacht. ***Glac le measúnú cuí.*** | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar impleacht **amháin** don ghnólacht a bhaineann leis an stíl bhainistíochta a léiríonn Máire.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| B | (ii) | | **Láimhdeachas Ard Saothair:/Ráta athraithe lucht oibre Ard**<br>Mura leagann an bhainistíocht luach ar thuairimí na foirne nó mura gcuireann siad obair dhúshlánach ar fáil, féadann sé tarlú go rachadh an fhoireann sa tóir ar dheiseanna fostaíochta eile. Rachaidh an fhoireann sa tóir ar dheiseanna poist a fhreastalóidh ar a gcuid riachtanas urraime. | 6m<br>(2 + 2 + 2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | ***Dá bhrí sin, d'fhág roinnt fostaithe chun glacadh le deiseanna i gcuideachtaí leighis eile.***<br><br>**Meanma Íseal Foirne:**<br>Mura dtéann na bainisteoirí i gcomhairle leis an bhfoireann nó mura n-éisteann siad le tuairimí na foirne. Is féidir leis sin tionchar diúltach a imirt ar an timpeallacht san áit oibre. D'fhéadfadh go ndíspreagfaí an fhoireann.<br><br>***Bíonn sé deacair ar an bhfoireann labhairt le Máire faoi cheisteanna.***<br><br>**Táirgiúlacht Laghdaithe:**<br>Féadann cur chuige Theoiric X i leith na bainistíochta nó stíl ceannaireachta uathlathacha táirgiúlacht a laghdú san áit oibre.<br><br>***Tugann sí treoracha don bhainistíocht ar bhonn rialta, gan glacadh le haon aiseolas luachmhar***. | |

**(C)** Pléigh na feidhmeanna atá ag an Rannóg Acmhainní Daonna ag Gléasanna Medway.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| C | | | **Pleanáil Acmhainní Daonna/Pleanáil Daonchumhachta:**<br>• Is éard atá i gceist leis seo go mbeidh na daoine cearta agus na scileanna cearta agat san áit cheart ag an am ceart ar fud an ghnólachta. Ní mór iniúchadh a dhéanamh ar acmhainní daonna agus na riachtanais i gcomhair acmhainní daonna amach anseo a réamh-mheas.<br>• Ní mór don Bhainisteoir Acmhainní Daonna na hacmhainní foirne a iniúchadh, riachtanais foirne a thuar, agus plean a cheapadh chun an leibhéal foirne a mhéadú/laghdú.<br><br>***Bhreathnaigh rannóg Acmhainní Daonna (HR) Ghléasanna Medway ar riachtanais foirne na monarchan nua.***<br>***NÓ***<br>***Cé go mbeidh mórán den fhoireann ón monarcha Éireannach á n-aslonnú, thuar an Rannóg Acmhainní Daonna gur ghá 120 ball foirne a earcú sna sé mhí seo amach romhainn.***<br><br>**Earcaíocht/Roghnú:**<br>• Baineann cúrsaí earcaíochta agus roghnaithe le haimsiú nó le mealladh iarrthóirí féideartha a bhfuil na scileanna oiriúnacha acu agus le piocadh na n-iarrthóirí is oiriúnaí ina dhiaidh sin le haghaidh fostaíochta.<br>• Ní mór don Bhainisteoir Acmhainní Daonna sainchuntas poist /jabthuairisc agus sonraíocht faoin bpearsa/sonraíocht phearsa a dhréachtú agus an post a fhógairt dá n-éis. Ní mór na hiarratasóirí a scagadh (a chur ar ghearrliosta). Is trí agallamh a dhéantar an roghnú de ghnáth. | 30<br><br>3 x 10m<br><br>Luaigh<br>Mínigh.<br>Mínigh.<br>Nasc<br>3,3,2,2 |

***Cé go mbeidh mórán den fhoireann ón monarcha Éireannach á n-aslonnú, thuar an Rannóg Acmhainní Daonna gur ghá 120 ball foirne a earcú sna sé mhí seo amach romhainn.***

***NÓ***

***Rinne an rannóg fógraíocht ar shuímh ghréasáin earcaíochta i réimse leathan tíortha chun teacht ar na hiarrthóirí ab fhearr do gach post.***

***NÓ***

***Reáchtáladh na hagallaimh ar Skype chun freastal ar iarratasóirí idirnáisiúnta.***

***NÓ***

***Chinntigh an fhoireann Acmhainní Daonna go mbeadh cothromaíocht inscne sna painéil roghnúcháin go léir.***

**Oiliúint/Forbairt:**

- Baineann cúrsaí oiliúna le cumas na bhfostaithe a bpost a dhéanamh go héifeachtach a chur chun feabhais.
- Déanann an chuideachta infheistíocht i réimse na hoiliúna; bíonn eolas agus scileanna níos fearr i measc na bhfostaithe mar thoradh air seo. Eascraíonn seirbhís níos fearr do chustaiméirí as seo agus eispéireas níos fearr do chustaiméirí freisin.
- Cabhraíonn oiliúint ionduchtúcháin le fostaithe nua dul i dtaithí ar an ionad oibre (léargas ar an bpost/ar bheartais/ar rialacha na cuideachta, etc.) Ar na cineálacha oiliúna eile tá oiliúint inmheánach/sheachtrach.
- Ullmhaíonn an fhorbairt na fostaithe le haghaidh freagrachtaí nua agus dúshlán níos mó san ionad oibre. Cuidíonn sé le fostaithe féinachtáil.

***Is é an chúis is mó atá leis sin go bhfuil clár ionduchtaithe á phleanáil ag an rannóg Acmhainní Daonna do bhaill foirne nua chomh maith le hoiliúint a bheith á heagrú acu don fhoireann reatha atá le hathlonnú go Singeapór.***

**Breithmheas Feidhmíochta:**

- Is é seo an próiseas a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar dhul chun cinn, ar éifeachtacht agus ar an méid a dhéanann fostaí don chuideachta. Cinntíonn sé go gcoinnítear ardchaighdeáin feidhmíochta sa ghnólacht, rud atá ina bhunús le rath ó thaobh cúrsaí gnó de.
  Soláthraíonn sé le haghaidh cumarsáid dhébhealaigh agus soiléiriú cuspóirí/tugtar aiseolas feidhmíochta do na fostaithe le deis a chruthú feabhsúcháin a dhéanamh.
- Tionóltar cruinniú leis na fostaithe le hathbhreithniú a dhéanamh ar a ndul chun cinn agus le spriocanna a leagan síos don todhchaí.
- Is ríthábhachtach iad athbhreithnithe rialta don phróiseas um breithmheas feidhmíochta.

***Tá na measúnuithe ráithiúla ar an bhfoireann sa mhonarcha Éireannach curtha siar.***

**Luach Saothair a Thabhairt:**

- Baineann luach saothair a thabhairt le luach saothair airgid nó luach saothair neamhairgid a thabhairt d'fhostaithe as obair a dhéanamh go maith. Féadann sé sin an fórsa oibre a spreagadh.
- D'fhéadfadh pánna, tuarastail, bónais, sochar comhchineáil, roghanna scaire, pleananna pinsin, ardú céime, etc., bheith i gceist i measc na gcineálacha luacha saothair a tháirgeann an rannóg Acmhainní Daonna.
- Déanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna idirbheartaíocht ar phacáiste luach saothair gach fostaí agus coimeádann sé faoi athbhreithniú é.
- Úsáidtear luach saothair airgid agus neamhairgid chun freastal ar riachtanais fhairsinge an fhórsa oibre.

***D'iarr Máire tuairimí ar an bhfoireann Acmhainní Daonna faoin tslí a bhféadfaí na baill foirne is fearr atá acu a choinneáil.***

***NÓ***

***Tharraing na fógraí do na poist aird ar na tuarastail den scoth a bhí á dtairiscint ag an ngnólacht.***

**Caidreamh Tionsclaíoch a Bhainistiú**

- Feidhm de chuid na rannóige Acmhainní Daonna is ea na caidreamh tionsclaíoch dearfach san eagraíocht a chur chun cinn agus a chothú.
- Glacann rannóga Acmhainní Daonna cur chuige réamhghníomhach chun caidreamh tionsclaíoch dearfach a chinntiú trí iarracht a dhéanamh cumarsáid oscailte a choimeád leis an bhfoireann agus nósanna imeachta casaoide a fhorbairt.
- Déantar amhlaidh chun a chinntiú go réitítear fadhbanna go tapa.

***D'iarr Máire tuairimí ar an bhfoireann Acmhainní Daonna faoin tslí a bhféadfaí na baill foirne is fearr atá acu a choinneáil.***

***NÓ***

***Bíonn sé deacair ar an bhfoireann labhairt le Máire faoi cheisteanna.***

| **Roinn 3** | **240 marc** |
|---|---|

| **Ceist 1** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

**(A)** **(i)** Léirigh conas a d'fhéadfadh caidreamh comhoibríoch idir Aldi agus a chuid soláthraithe teacht chun cinn.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **A** | **(i)** | Bíonn caidreamh comhoibritheach ann nuair a oibríonn an dá pháirtí le chéile chun **sprioc chomónta** a bhaint amach. Is caidreamh/cás é a théann chun tairbhe an dá thaobh/**comhleas**, gaol bua/bua áit a mbaineann an dá thaobh tairbhe as agus iad níos fearr as ina dhiaidh ná mar a bhí siad ag an tús.<br><br>D'eascródh cás comhoibríoch nuair a thugann an soláthraí amhábhair, comhpháirteanna agus earraí críochnaithe ardchaighdeáin do Aldi a íocann na soláthraithe in am, agus, rud atá tábhachtach, a íocann praghas cothrom le soláthraithe. | 7<br><br>4(2+2) +3 |

**(ii)** Déan cur síos ar chaidreamh iomaíoch idir Aldi agus ollmhargaí atá in iomaíocht leis.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **1** | **A** | **(ii)** | Tagraíonn caidreamh iomaíoch idir Aldi agus gnóthais ollmhargaidh atá in iomaíocht leis do thabhairt faoi **chuspóirí/spriocanna difriúla** ag an dá ghnóthas mar iarracht spriocanna áirithe a bhaint amach agus an gnóthas eile a fhágáil thíos leis.<br>Téarma eile air ná caidreamh gnóthachain-caillteanais / gaol bua/cailliúint.<br>Téann Aldi san iomaíocht le hollmhargaí eile, mar Tesco, trí;<br>• Caighdeán na dtáirgí<br>• Praghas earraí<br>• Seirbhís do Chustaiméirí<br>• Rogha níos fearr earraí agus seirbhísí | 7<br><br>4(2+2) +3 |

**(iii)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a mbaineann tomhaltóirí buntáiste as gnólachtaí a bheith in iomaíocht le chéile.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | A | (iii) | **Praghsanna Laghdaithe**<br>Nuair a laghdaíonn Aldi agus ollmhargaí atá in iomaíocht leis a bpraghsanna chun tomhaltóirí a tharraingt baineann an tomhaltóir leas as.<br>Bhí ar ollmhargaí seanbhunaithe a gcuid praghsanna a laghdú chun dul san iomaíocht le Aldi, Lidl, etc. Baineann an tomhaltóir tairbhe airgeadais as sin.<br><br>**Tionscnaimh Díolacháin/Tairiscintí speisialta**<br>Is minic a tháirgeann ollmhargaí atá san iomaíocht lena chéile seifteanna mar '3 cinn ar phraghas 2 péire', pointí cárta dílseachta, etc.<br>Is minic a tháirgeann SuperValu, Dunnes Stores agus Tesco tionscnaimh speisialta díolacháin chun custaiméirí a tharraingt. Tugann sé sin luach don tomhaltóir.<br><br>**Caighdeán níos fearr earraí nó caighdeán níos fearr seirbhíse**<br>Nuair atá caidreamh iomaíoch ann idir ollmhargaí bíonn na hollmhargaí atá san iomaíocht lena chéile ag iarraidh an caighdeán is fearr earraí agus seirbhíse a thabhairt agus is féidir.<br>Táirgtear raon níos leithne táirgí do thomhaltóirí agus tugtar seirbhís níos fearr dóibh e.g. Ollmhargaí ag tairiscint seachadadh chuig an teach. | 6<br><br>3 + 3 |

**(B)** Mínigh na cearta dlíthiúla atá ag tomhaltóirí faoi théarmaí an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980, agus tagairt agat do **thrí** cinn ar bith díobh seo a leanas:

1. Seirbhísí
2. Ráthaíochtaí
3. Comharthaí a chuireann teorainn le cearta tomhaltóirí
4. Cáilíocht Inmhargaidh.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | B | | **1. Seirbhísí:**<br>Nuair a cheannaíonn tomhaltóir seirbhís; Níor mhór go mbeadh an scil/an cháilíocht riachtanach ag an soláthróir seirbhíse. Tá an tomhaltóir i dteideal cúitimh mura gcuirtear an tseirbhís ar fáil le **haire , dícheall/díograis agus aird chuí** nó má úsáidtear ábhair nach bhfuil de cháilíocht inmhargaidh.<br><br>**2. Ráthaíochtaí:**<br>Cosaint bhreise a thugtar don tomhaltóir atá i ráthaíochtaí agus ní thig leo teorainn a chur le cearta an tomhaltóra faoi dhlíthe na dtomhaltóirí. Ní mór don ráthaíocht na hearraí a chlúdaítear, an tréimhse atá i gceist agus an nós imeachta chun éilimh a dhéanamh a léiriú go soiléir. Is féidir leis an tomhaltóir a roghnú go ndeisíonn an déantúsóir na hearraí nó is féidir leis a éileamh go ndéileálann an miondíoltóir leis an ngearán. Is idir an díoltóir agus an ceannaitheoir atá an conradh.<br><br>**3. Comharthaí ag teorannú chearta an tomhaltóra:**<br>Tá cosc ar chomharthaí ar nós 'Nótaí Sochair /creidmheasa Amháin', 'Aisíocaíochtaí Airgid ar Bith', 'Malartú ar Bith', etc., faoin Acht um Dhíol Earraí & Soláthar Seirbhísí. Tá na comharthaí sin neamhdhleathach agus ní dhéanann siad difear do chearta reachtúla an tomhaltóra. Ní aisíocaíocht é nóta sochair/ creidmheasa de bharr go gceanglaítear ort an t-airgead a chaitheamh sa siopa sin. Is cion é don mhiondíoltóir comharthaí a thaispeáint lena dtugtar le fios don tomhaltóir nach bhfuil aon chearta dlíthiúla aige.<br><br>**4. Cáilíocht Inmhargaidh:**<br>Tá an tomhaltóir i dteideal earraí de cháilíocht inmhargaidh – ba chóir go mbeadh earraí de chaighdeán/cháilíocht réasúnta, agus an fheidhm mheasta agus an mharthanacht a bhaineann leo agus an praghas a íoctar á gcur san áireamh. Peann €50 i gcomparáid le peann €1. Mura bhfuil an t-earra de cháilíocht inmhargaidh, d'fhéadfadh an tomhaltóir aisíocaíocht, earra ionaid nó deisiú a iarraidh ag brath ar an gcineál lochta agus ar an achar ama. | 20<br><br>2 x 7m<br>(4+3)<br><br>1 x 6m<br>(3+3) |

**(C)** Pléigh na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC).

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 1 | C | | **An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC)**<br>Is é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre an comhlacht a gcuirtear gach díospóid caidrimh oibre agus gach díospóid agus gearán faoi dhlí na fostaíochta i láthair dó.<br><br>**Seirbhís Chomhairleach**<br>Cuireann Seirbhís Chomhairleach WRC an dea-chleachtas san áit oibre chun cinn trí chabhrú le heagraíochtaí agus comhairle a chur orthu maidir le gach gné den chaidreamh tionsclaíoch san ionad oibre. Pléann sé le fostóirí, fostaithe agus lena gcuid ionadaithe chun cabhrú leo cleachtais, nósanna imeachta agus struchtúir éifeachtacha um chaidreamh tionsclaíoch a fhorbairt. D'fhéadfadh go gcuimseodh an cineál sin cúnaimh nósanna imeachta éifeachtacha san ionad oibre a fhorbairt i réimsí mar chasaoid, smacht, cumarsáid agus comhairliúchán.<br><br>**Idir-réiteach**<br>Is é is idir-réiteach ann ná próiseas deonach ina gcomhaontaíonn na páirtithe i ndíospóid leas a bhaint as tríú páirtí atá neodrach agus neamhchlaonta chun cabhrú leo a n-easaontas i réimse an chaidrimh thionsclaíoch a réiteach. Cuireann WRC seirbhís idir-réitigh ar fáil trí Oifigigh Chaidrimh Thionsclaíoch (nó Oifigeach Idir-réitigh) an Choimisiúin a chur ar fáil le cathaoirleacht a dhéanamh ar 'chomhdhálacha idir-réitigh'. Is é atá i gcomhdhálacha idir-réitigh go bunúsach ná leathnú ar phróiseas na gcaibidlí díreacha, agus cathaoirleach neamhspleách i láthair chun an plé a stiúradh agus chun bealaí socraíochta féideartha a iniúchadh ar bhealach neamhchlaonta. Is ar bhonn deonach a ghlactar páirt sa phróiseas idir-réitigh, agus torthaí deonacha a bhíonn air. Is le comhdhearcadh amháin a thagtar ar réitigh, bíodh sé mar thoradh ar idirbheartaíocht agus ar chomhaontuithe a éascaíodh idir na páirtithe iad féin, nó mar gur chomhaontaigh na páirtithe leis na téarmaí réitigh a mhol an tOifigeach Idir-réitigh. Cleachtas neamhfhoirmiúil atá sa phróiseas idir-réitigh. Tá an rogha ag na páirtithe ionadaíocht a dhéanamh orthu féin nó is féidir le ceardchumainn nó eagraíochtaí fostóra ionadaíocht a dhéanamh orthu. Mar gheall ar nádúr an phróisis, ní mheasann an Coimisiún go bhfuil gá le hionadaíocht dhlíthiúil ar cheachtar páirtí ag cruinnithe idir-réitigh.<br><br>**Idirghabháil**<br>Le hidirghabháil, féachtar le teacht ar réiteach trí chomhaontú idir na páirtithe, seachas trí imscrúdú nó éisteacht nó cinneadh foirmiúil. Táirgeann WRC seirbhís idirghabhála i gcásanna áirithe chun réiteach gearán/díospóidí a éascú áit is féidir ag céim luath agus gan dul i muinín | 20<br><br>4 x 5m<br>(2+3) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | breithnithe. Tugann an tOifigeach Idirghabhála an chumhacht do na páirtithe a gcomhaontú féin a chaibidliú ar bhonn soiléir agus eolach. Próiseas deonach atá ann agus is féidir le ceachtar páirtí é a scor uair ar bith. Áit ar éirigh le hiarracht ar idirghabháil, déanfaidh an t-oifigeach idirghabhála taifead i scríbhinn ar théarmaí an chomhaontaithe. Má chreideann an dá pháirtí go léiríonn an taifead go cruinn téarmaí an réitigh, síneoidh siad é. Áit nár éirigh le hiarracht ar idirghabháil, tabharfaidh an t-oifigeach idirghabhála fógra faoi sin d'Ard-Stiúrthóir WRC agus don dá pháirtí. Cuirfear an gearán nó an díospóid ar aghaidh le breithniú ag Oifigeach Breithniúcháin.<br><br>**Breithniú**<br>Bíonn Oifigigh Bhreithniúcháin an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) neamhspleách go reachtúil ina gcuid dualgas cinnteoireachta. Is é ról an Oifigigh Breithniúcháin ná éisteacht a reáchtáil áit a dtugtar deis don dá pháirtí éisteacht a fháil ón Oifigeach Breithniúcháin agus aon fhianaise a chur i láthair atá ábhartha don ghearán. Ní dhéanfaidh an tOifigeach Breithniúcháin iarracht idirghabháil ná idir-réiteach a dhéanamh maidir leis an gcás. Féadfaidh oifigeach ceardchumainn, abhcóidí cleachta nó dlíodóir cleachta mar shampla a bheith in éineacht leis na páirtithe ag na héisteachtaí agus ionadaíocht a dhéanamh orthu. Ansin déanfaidh an tOifigeach Breithniúcháin cinneadh faoin ábhar agus tabharfaidh siad cinneadh scríofa maidir leis an ngearán.<br>Féadfaidh an cinneadh:<br><br>▪ a dhearbhú cibé acu an raibh nó nach raibh údar maith le gearán an ghearánaí,<br><br>▪ a cheangal ar an bhfostóir cloí leis an bhforáil/na forálacha ábhartha,<br><br>▪ a cheangal ar an bhfostóir cibé cúitimh a dhéanamh agus atá cóir agus cothrom ar na cúinsí lena n-áirítear dámhachtain cúitimh.<br><br>Féadfaidh páirtí i ngearán achomharc i gcoinne chinneadh an Oifigigh Breithiúnais a dhéanamh chuig an gCúirt Saothair.<br><br>**Seirbhís Comhlíontachta/Cigireachta**<br>Tugann cigirí cuairt ar áiteanna fostaíochta agus déanann siad cigireachtaí thar ceann WRC chun déanamh cinnte go gcloítear leis an reachtaíocht ar chomhionannas agus reachtaíocht a bhaineann leis an bhfostaíocht. Is é atá i gceist leis na hiniúchtaí sin ná scrúdú a dhéanamh ar leabhair, taifid agus cáipéisí a bhaineann leis an bhfostaíocht, agus agallaimh a chur ar fhostaithe reatha agus iar-fhostaithe agus ar fhostóirí. Má chinntear gur sáraíodh an reachtaíocht, féadfaidh Cigire Fógra Comhlíontachta nó Fógra Íocaíochta Seasta a eisiúint chuig fostóir. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Forfheidhmiú Cinntí**<br>Má mhainníonn Fostóir cinneadh Oifigeach Breithniúcháin WRC, nó cinneadh ón gCúirt Saothair ag eascairt as achomharc i gcoinne chinneadh Oifigigh Breithniúcháin, a chur i gcrích laistigh den tréimhse ama forordaithe, féadfar iarratas a dhéanamh leis an gCúirt Dúiche ar ordú chun treorú don Fhostóir an cinneadh a chur i gcrích.<br>Is féidir leo seo a leanas an t-iarratas a dhéanamh:<br>▪ An Fostaí/Gearánaí (nó ionadaí dlíthiúil ag gníomhú thar a gceann)<br>▪ Ceardchumann, le cead fostaí, nó<br>▪ Comhlacht eiscthe a bhfuil an fostaí/an gearánaí ina mball de.<br>I gcás chinneadh an Oifigigh Breithniúcháin, is féidir an t-iarratas ar an gCúirt Dúiche a dhéanamh tar éis go bhfuil tréimhse 56 lá caite ón dáta ar eisíodh an cinneadh chuig na páirtithe. Ní mór go mbeadh tréimhse 42 lá caite ón dáta ar eisíodh cinneadh na Cúirte Saothair chuig na páirtithe sular féidir an t-iarratas a dhéanamh i dtaobh an chinnidh. | |

| Ceist 2 | Timpeallacht Intíre |
|---|---|

**(A) (i)** Pléigh **trí** thréith a bhaineann le gnólacht atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | A | (i) | **Dramhaíl a íoslaghdú/diúscairt shábháilte na dramhaíola:**<br>• D'fhéadfadh an gnólacht na ceithre ní seo a dhéanamh: laghdú, athúsáid, athchúrsáil agus aisghabháil. Má thairgtear dramhaíl, ba cheart gach iarracht a dhéanamh chun í a athúsáid, más infheidhmithe.<br>• Uasmhéadú ábhar athchúrsáilte – caomhnóidh athchúrsáil acmhainní agus laghdóidh sí dramhaíl cé go bhféadfadh sé go n-aisghabhfadh/athaimsiú gnólacht ábhair nó fuinneamh ó dhramhaíl nach féidir a laghdú, a athúsáid ná a athchúrsáil.<br>**Truailliú a chosc:**<br>• Úsáid próiseas, cleachtas, ábhar, táirgí nó foinsí fuinnimh a sheachnaíonn nó a íoslaghdaíonn cruthú truaillithe agus dramhaíola, agus dá bhrí sin a laghdaíonn an riosca don tsláinte agus don chomhshaol.<br>• Is é cosc truaillithe seachas rialú truaillithe atá i gceist.<br>**Cód Eitice:**<br>• D'fhéadfadh an gnólacht cód eitice a bhunú arb ionann é agus ráiteas foirmiúil scríofa ina leagtar amach na modhanna iompair ar chóir do ghnólacht glacadh leo ina chuid déileálacha leis an gcomhshaol agus leis an bpobal ina n-oibríonn sé, chun cultúr oscailteachta, comhairliúcháin, macántachta agus feasachta ar shaincheisteanna comhshaoil, etc., a spreagadh<br>**Iniúchadh Comhshaoil:**<br>• Imscrúdaithe neamhspleácha ar na tionchair a bhíonn ag an ngnólacht ar an gcomhshaol. Cuireann sé seo le feasacht an ghnólachta i dtaobh an chomhshaoil ionas gur féidir leo tionchar diúltach ar an gcomhshaol a laghdú.<br>**Athbhreithniú ar phróisis ghnó chun truailliú a laghdú.**<br>**Athchúrsáil:**<br>Athbhreithniú ar phróisis ghnó chun truailliú a laghdú.<br>**Srian a chur le pacáistiú:**<br>Féachann an gnóthas le teorainn a chur le pacáistiú. Laghdaíonn sé sin an dramhaíl a tháirgtear óna gcuid táirgí a úsáid.<br>**Pointí eile ar féidir glacadh leo:** | 15<br><br>3 x 5m<br>(3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | Foinsigh bunábhair inbhuanaithe/bain úsáid as soláthróirí áitiúla agus laghdaigh an lorg carbóin sa tslí sin.<br>Fostaithe a chur faoi oiliúint chun feasacht chomhshaoil a fheabhsú. Cloí le dlíthe comhshaoil.<br>**Úsáid fuinnimh, Roinnt gluaisteán.**<br>**Comhairliúchán/Comhairle**<br>Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara go léir nuair atá polasaithe á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm a mbíonn éifeacht acu ar an timpeallacht.<br>Is é atá i gceist le comhairliúchán freisin ná an t-eolas is deireanaí faoi chúrsaí comhshaoil a fháil.<br><br>**Macántacht/Oscailteacht**<br>Insíonn an chuideachta an fhírinne agus déanann gach rud mar is cóir i ngach ábhar a bhaineann leis an timpeallacht. Ní bhíonn eagla ar ghnóthais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil roimh iniúchadh ar a ngnó, mar gur gnách nach mbíonn aon rud le ceilt acu e.g. ní cheileann sé tionóiscí tionscail.<br>Feasacht/Oiliúint ar shaincheisteanna comhshaoil<br>Cuireann sé chun cinn saincheisteanna comhshaoil i measc a chuid fostaithe, custaiméirí agus an phobail gnó agus caitheann sé airgead ar na saincheisteanna. Cumarsáid agus plé rialta leis an bhfoireann chun feasacht a ardú agus iompraíocht dhearfach a chur chun cinn maidir leis an timpeallacht. Sampla: monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh agus teochtaí a rialú/cultúr feasach ar an gcomhshaol a chruthú ar fud na heagraíochta. Albain – Tá margadh 40 bliain sínithe ag an miondíoltóir as an Ríocht Aontaithe Marks & Spencer le Smartest Energy in Albain agus mar gheall air déanfaidh an chuideachta a cuid siopaí & oifigí in Albain a chumhachtú le foinsí fuinnimh in-athnuaite ó Aibreán 2010.<br><br>**Bheith sásta dearadh nua táirge a thriail/próisis déantúsaíochta glaine/réitigh níos fearr um dheireadh ré táirgí/athchúrsáil**<br>Táirgí a dhearadh atá inmharthana agus a mbeidh an tsaolré is faide agus is féidir acu/cabhrú le húsáid/cur amú fuinnimh a laghdú. Páirteanna a úsáid ar féidir a athchúrsáil/a dhiúscairt go sábháilte/ábhair atá íogair don timpeallacht a úsáid/truailliú a chosc. Tionchar táirgí ar an gcomhshaol a laghdú i gcónaí trí chláir athchúrsála agus athúsáide níos fearr.<br>Sampla: Bhain Cadbury Ireland triail as táirge nua a tháinig go hiomlán ó fhoinsí cairtchláir in áit a ghnáthstáin Roses. Tá an stán (ar baineadh triail as in Tesco i mí na Nollag 2009) 45% níos éadroime agus sábhálann sé 200 tonna de chruach. Seoladh an tionscnamh sin mar iarracht Cadbury a sprioc de laghdú 24% ar mheáchan pacáistithe a bhaint amach le haghaidh a phacáistithe shéasúraigh agus bronntanas ina straitéis 'Cadbury's Purple goes Green'. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Íogair do gach ábhar comhshaoil agus polasaithe á cheapadh.**<br>Déanann sé iniúchtaí comhshaoil (Ráitis Tionchair Timpeallachta) chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an ghnóthais ar an gcomhshaol. Comhlíontach leis an dlí: Stiúrann sé gnó le hionracas agus cloíonn leis na dlíthe agus na rialacháin i leith an chomhshaoil. Iarrann comhairle ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun comhlíontacht a chinntiú.<br><br>Forbairt Inbhuanaithe: Ba cheart riachtanais na nglún atá le teacht a chur san áireamh agus acmhainní nádúrtha á n-úsáid. Ba cheart do ghnóthais cur chuige neamhdhíobhálach don chomhshaol a ghlacadh agus iad ag úsáid acmhainní nádúrtha. Tá sé sin tábhachtach go háirithe mar gheall ar fhéidearthacht an athraithe aeráide. D’fhéadfaí níos mó úsáide a bhaint as an ngaoth agus an ghrian chun fuinneamh a chruthú, agus ba cheart do ghnóthais úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an bhfuinneamh sin (e.g. bolgáin cfc). | |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar rud **amháin** a mbíonn tionchar aige ar ghnólacht nuair a bhíonn air a chuid freagrachtaí i leith na timpeallachta a bhaint amach.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **2** | **A** | **(ii)** | ***<u>Iarmhairt Dhearfach:</u>***<br>**Íomhá Phoiblí Ardchaighdeáin**<br>Bíonn íomhá phoiblí i bhfad níos fearr ag comhlachtaí atá freagrach go sóisialta ná mar a bhíonn acu siúd nach gcloíonn lena gcuid freagrachtaí eiticiúla, sóisialta agus comhshaoil, e.g. tá clú agus cáil ar Ben & Jerry's ar fud an domhain mar gheall ar a seasamh i leith an cheartais shóisialta, agus tá drochíomhá ag Nestle tar éis go leor scannail éagsúla. Thairg go leor gnóthas seirbhísí/síntiúis saor in aisce le linn ghéarchéim Covid-19 e.g. audible.com. D'fheabhsaigh sé sin íomhá phoiblí an bhranda.<br><br>**Rochtain níos éasca ar airgeadas**<br>D'fhéadfadh nach mbeadh infheisteoirí sásta infheistiú ach i gcomhlachtaí atá freagrach go morálta agus a chloíonn leis an dlí agus le treoirlínte. Ní bheidh infheisteoirí ag iarraidh go n-imreodh scannal tionchar orthu ná go mbeidís nasctha le droch-chleachtas gnó agus mar sin beidh sé níos éasca do ghnóthais atá freagrach rochtain a fháil ar an infheistíocht sin.<br><br>**Dílseacht custaiméirí**<br>Is gnách go bhfanann custaiméirí an-dílis do ghnóthais atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil, go sóisialta agus go heiticiúil. Maidir le formhór na ndaoine a bhfuil coinsias sóisialta acu, smaoineoidh siad go cúramach sula gceannóidh siad ó ghnóthais nach bhfuil freagrach ó thaobh an chomhshaoil.<br><br>**Dámhachtainí/Gradam/Caighdeáin**<br>Féadfaidh gnóthais cur isteach ar dhámhachtainí/ghradam agus na caighdeáin a chomhlíonadh a theastaíonn chun go n-aithneofaí iad i bhfiontair éagsúla mar thoradh ar a n-iompraíocht. Neartaíonn sé sin acmhainn an ghnóthais maidir le díolacháin, easpórtáil mhéadaithe, etc., mar go bhfuil sé i bhfad níos éasca margaíocht a dhéanamh ar a dtáirge/seirbhís nuair atá dámhachtainí bronnta air atá aitheanta ar fud an domhain.<br><br>***<u>Iarmhairt Dhiúltach:</u>***<br>**Méadú ar chostais táirgthe**<br>Bíonn sé costasach innealra, amhábhair, etc., a aimsiú atá freagrach i leith an chomhshaoil. Is féidir leis sin costais táirgthe a mhéadú. Mar thoradh air sin ní mór praghsanna níos airde a ghearradh ar thomhaltóirí chun brabús a dhéanamh. | 5<br><br>5m<br>(3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Oiliúint Foirne**<br>Ní mór oiliúint a chur ar bhaill foirne chun déanamh cinnte go dtuigeann siad go hiomlán a bhfreagrachtaí i leith an chomhshaoil. Méadaíonn sé costais don ghnóthas agus laghdaíonn sé táirgiúlacht.<br><br>**Toradh níos ísle ar infheistíocht d'infheisteoirí**<br>D'fhéadfadh go mbeadh corrlaigh bhrabúis níos ísle mar thoradh ar na costais táirgthe mhéadaithe a bhaineann le hearraí a tháirgeadh atá freagrach i leith an chomhshaoil agus cleachtais chomhshaoil a chur i bhfeidhm. Dá bharr sin, d'fhéadfadh nach bhfaigheadh infheisteoirí an toradh a mbeidís ag súil leis agus go ndéanfaidís infheistíocht áit eile. | |

**(B)** Léirigh na cúiseanna a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCs) in Éirinn.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | B | | **Rochtain ar Mhargadh an Aontais Eorpaigh:**<br>Ós rud é go bhfuil Éire ina ball den Aontas Eorpach baineann sí leas as saorthrádáil idir gach ballstát. Is féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta a thagann go hÉirinn a gcuid táirgí a mhonarú anseo in Éirinn agus rochtain a fháil ar mhargadh AE gan aon taraifí/cánacha a íoc.<br>e.g. táirgeann cuideachtaí cógaisíochta mar Pfizer earraí in Éirinn agus scaipeann siad chuig AE iad trí phoirt mar Antwerpen sa Bheilg.<br><br>**Lucht oibre léannta:**<br>Tá an fórsa saothair Éireannach in Éirinn an-léannta i gcomparáid le náisiúin eile. Tá oideachas dara leibhéal ar a laghad ag an gcuid is mó d'oibrithe Éireannacha agus tá oideachas tríú leibhéal ag cion mór díobh. Ligeann sé sin do chuideachtaí ilnáisiúnta teacht ar fhórsa oibre ag a bhfuil an cumas a dtáirgí/seirbhísí a táirge e.g. bíonn rochtain ag cuideachtaí mar Intel agus Microsoft ar shaothar ardchaighdeáin mar na céimithe Gnó, TF agus Innealtóireachta a theastaíonn uathu.<br><br>**Cáin Chorparáide Íseal:**<br>Is é an ráta cánach corparáide in Éirinn 12.5% faoi láthair, atá ar cheann de na rátaí is ísle ar domhan. Ligeann sé sin do chuideachtaí a ndliteanas cánach a laghdú trí bhunú níos mó anseo in Éirinn agus níos mó dá gcuid brabús a choimeád ná an méid a choimeádfaidís ina dtíortha dúchais.<br>e.g. Roghnaíonn cuideachtaí ar nós Apple bunú in Éirinn chun a ndliteanas cánach corparáide a íoslaghdú.<br><br>**Náisiún ina labhraítear Béarla:**<br>Is iad na hÉireann an t-aon náisiún amháin san Aontas Eorpach a labhraíonn Béarla mar ghnáth-theanga laethúil anois. Le haghaidh cuideachtaí ilnáisiúnta a thagann ó na Stáit Aontaithe, tá sé i bhfad níos éasca dóibh gnó a dhéanamh ina dteanga féin.<br>Shocraigh cuideachtaí Meiriceánacha mar PayPal a gceanncheathrú Eorpach a bhunú in Éirinn. | 20<br><br>4 x 5m<br>(3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Íomhá Ghlas:**<br>Tá clú agus cáil ar Éirinn ar fud an domhain as bheith ina 'timpeallacht ghlan ghlas'. Tarraingíonn sé sin cuideachtaí ilnáisiúnta anseo mar go bhféadann sé bheith i bhfad níos éasca dóibh táirgí a onnmhairiú a rinneadh a mhonarú anseo.<br><br>**Dreasachtaí Rialtais:**<br>Tríd an nGníomhaireachtForbartha Tionscail (IDA), is féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta cúnamh deontais a fháil chun bunú i gcodanna áirithe den tír agus freisin tugtar rochtain dóibh ar pháirceanna gnó sainchuspóra ionas go mbíonn sé i bhfad níos éasca dóibh tosú anseo. Thug IDA Ireland dreasachtaí do chuideachtaí mar Indeed.com, eBay, Dell, etc., chun bunú in Éirinn. | |

**(C)** Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh rialtas na hÉireann a bpolasaithe maidir le caiteachas a úsáid chun tacú le gnólachtaí in Éirinn. Úsáid samplaí chun do chuid freagraí a léiriú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 2 | C | | **Méadaigh caiteachas caipitiúil:**<br>• D'fhéadfadh an rialtas caiteachas caipitiúil ar bhonneagar, ar scoileanna, ar ospidéil, etc. a mhéadú.<br>• Cruthóidh sé sin poist agus éileamh tomhaltais agus mar sin méadóidh sé díolacháin ghnó.<br>• e.g. Cruthaíonn tógáil scoileanna nua nó ospidéal nua na leanaí conarthaí/díolacháin do ghnóthais. Freisin tógann sé seo fostaithe chuig ceantar. Baineann na fostaithe úsáid as seirbhísí áitiúla agus neartaíonn sé sin díolacháin do ghnóthais áitiúla.<br><br>**Gníomhaireachtaí Stáit Rialtais:**<br>• Soláthraíonn an rialtas gréasán gníomhaireachtaí stáit a thugann comhairle, oiliúint agus treoir gnó, seirbhísí meantóireachta agus cúnamh deontais chun fás agus fairsingiú a éascú.<br>• Seo roinnt samplaí: Fáilte Éireann (turasóireacht a fhorbairt agus a chur chun cinn), Fiontraíocht Éireann (cúnamh deontais do thionscal dúchasach, e.g. taighde agus forbairt agus margaíocht), SOLAS (cuireann sé oiliúint tionscail ar fáil d'oibrithe), IDA Ireland (soláthraíonn sé cúnamh deontais chun infheistíocht dhíreach ón gcoigríoch a tharraingt), spreagann oifigí Fiontair Áitiúil fiontraíocht.<br><br>**Caiteachas reatha méadaithe ar phá na hearnála poiblí/leas sóisialach:**<br>• Bheadh éifeacht faoi seach ag comhaontuithe náisiúnta pá d'oibrithe na hearnála poiblí lena mbeadh baint ag na comhpháirtithe sóisialta mar go mbeadh níos mó airgid le caitheamh ag oibrithe na hearnála poiblí. | 20<br><br>2 x 7m<br>(4+3)<br><br>1 x 6m<br>(3 + 3) |

- Le méaduithe ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh, mhéadófaí an chumhacht caithimh do chion den daonra.
  e.g. dá ndéanfadh rialtas na hÉireann pá a aisghabháil nó dá méadódh sé pá agus dreasachtaí do mhúinteoirí/d'altraí etc. mhéadódh sé sin ioncam indiúscartha na bhfostaithe san earnáil phoiblí. Is é an éifeacht a bheadh air sin ná méadú ar dhíolacháin do ghnóthais.

**Infheistíocht an rialtais in Oideachas agus in Oiliúint:**

- Infheistíonn an rialtas in oideachas 3ú leibhéal. Bíonn gach mac léinn in Éirinn díolmhaithe ó tháillí teagaisc. Cinntíonn sé sin go mbíonn soláthar seasta de shaothar ardoilte ar fáil.
  - Tugann an oiliúint a chuirtear ar fáil trí eagraíochtaí ar nós SOLAS deis do dhaoine dífhostaithe cur lena scileanna agus cuidíonn sé le daoine atá as obair dul isteach sa lucht saothair arís.
    e.g. Cabhraíonn sé sin leis an lucht saothair oilte a theastaíonn a chur ar fáil do ghnóthais mar Glanbia agus Microsoft.
  - Tháirg an rialtas tacaí airgeadais (iasachtaí tacaí airgeadais ó €25,000 suas go €1.5 milliún le huasráta úis 4%) do ghnóthais a bhí buailte ag Covid-19.

**Tacaíocht don Fhórsa Saothair le linn Covid-19**

- Mar thoradh ar thacaí rialtais ar nós íocaíochtaí leasa shóisialaigh le fostaithe a bhí buailte ag Covid-19 bíonn ioncaim indiúscartha ag tomhaltóirí.

| **Ceist 3** | **Timpeallacht Idirnáisiúnta** |
|---|---|

**(A) (i)** Mínigh na téarmaí **Comhordú na Trádála** agus **Comhordú na nÍocaíochtaí**.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **A** | **(i)** | Tagraíonn **Comhardú na Trádála** don difríocht idir luach na n-easpórtálacha sofheicthe, na n-earraí fisiceacha a tháirgeann gnóthais atá bunaithe in Éirinn agus a dhíoltar le custaiméirí thar lear, agus luach na n-earraí fisiceacha a cheannaíonn tomhaltóirí Éireannacha ó ghnóthais atá bunaithe in ionad geografach thar lear.<br><br>Tagraíonn **Comhardú na nÍocaíochtaí** don difríocht idir Iomlán na nEaspórtálacha (Sofheicthe & Dofheicthe) agus Iomlán na nIompórtálacha (Sofheicthe & Dofheicthe).<br><br>An difríocht idir méid iomlán an airgid a thagann isteach i dtír mar thoradh díreach ar easpórtáil agus méid iomlán an airgid a imíonn ó thír mar thoradh ar iompórtáil. | 8<br><br>2 x 4m<br>(2 + 2) |

**(ii)** Ríomh na figiúirí do **Chomhordú na nÍocaíochtaí** ó na sonraí thuas. Taispeáin do chuid oibre.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | | | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3** | **A** | (ii) | | € | | 8 |
| | | | Iomlán na nEaspórtálacha | (55 + 53) | 108bn | 8m<br>8@1m |
| | | | - Iomlán na nIompórtálacha | (27 + 86) | 113bn | |
| | | | Easnamh | – 5bn | | |

**(iii)** Léirigh an bhrí atá leis an téarma **taraif**.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **A** | **(iii)** | Is é atá i dtaraif ná bacainn trádála a ghearrann cáin/dleacht ar earraí a iompórtáiltear ó áit lasmuigh de cheantar trádála. Méadaíonn sí praghas an táirge sin chun tomhaltóirí a spreagadh chun earraí a cheannach ó tháirgeoirí intíre.<br><br>Cuireann an tAontas Eorpach taraif ar earraí a iompórtáiltear as an tSín, SAM, etc. | 4<br><br>4m<br>(2+2) |

**(B)** Pléigh na buntáistí **agus** na dúshláin do ghnólachtaí Éireannacha a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **B** | | **<u>Buntáistí</u>:**<br>**Saorghluaiseacht earraí, seirbhísí, agus saothair:**<br>Chuir cruthú an Mhargaidh Aonair in 1993 deireadh le bacainní trádála laistigh den Aontas Eorpach, ag ceadú do shaorghluaiseacht earraí, seirbhísí, an lucht saothair agus caipitil idir na Ballstáit.<br>Cabhraíonn sé sin le gnóthais Éireannacha saothar ardchaighdeáin as tharraingt ó thíortha AE.<br><br>**Margadh níos mó/Díolacháin Mhéadaithe**<br>Margadh níos mó do ghnóthais Éireannacha agus poitéinseal díolacháin níos mó mar thoradh air. Is féidir le gnóthais Éireannacha méadú agus fás trí thrádáil i dtíortha AE eile. Is é an toradh a bhíonn air sin ná brabúsacht agus éagsúlú níos mó do ghnóthais Éireannacha a easpórtálann chuig an Aontas Eorpach.<br><br>**Barainneachtaí scála**<br>Nuair atá gnóthas Éireannach ag déanamh táirgí don mhargadh Eorpach féadann sé sin costais a laghdú. Is féidir le holltáirgeadh cabhrú leis an ngnóthas an costas in aghaidh an aonaid a laghdú as earraí a tháirgeadh agus méadaíonn sé sin brabúsacht do ghnóthais Éireannacha.<br><br>**Iarmhairt na hinfheistíochta dírí ón gcoigríoch do Ghnóthais Éireannacha**<br>Mar bhall de AE, agus rochtain oscailte aici ar mhargadh AE tarraingíonn geilleagar na hÉireann infheistíocht dhíreach eachtrach, agus cruthaítear deiseanna fostaíochta dá bharr. Is ionann luach na hinfheistíochta dírí eachtraí (FDI) in Éirinn sa lá atá inniu ann agus níos mó ná €30 billiún. Soláthraíonn go leor gnóthais Éireannacha amhábhair agus seirbhísí do chuideachtaí ilnáisiúnta.<br><br>**Baineann gnóthais bheaga talmhaíochta in Éirinn tairbhe as an gComhbheartas Talmhaíochta**<br>Faigheann feirmeoirí, faoin gComhbheartas Talmhaíochta, bearta tacaíochta ioncaim. Idir 1973 agus 2008, fuair feirmeoirí Éireannacha €44 billiún faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CAP). Cabhraíonn sé sin le gnóthais feirmeoireachta in Éirinn leanúint ar aghaidh.<br><br>**Airgeadra singil i limistéar an Euro/Aontas Airgeadaíochta Eorpach**<br>Mar gheall ar thabhairt isteach an airgeadra aonair, cruthaíodh dreasachtaí breise d’infheisteoirí eachtracha chun lonnú in Éirinn agus cobhsaíocht choibhneasta praghais. A bhuí leis an euro, tá an saol i bhfad níos éasca do ghnólachtaí agus do thaistealaithe Éireannacha | 25<br><br>5 x 5m<br>(2+3) |

agus iad ag trádáil le limistéar an euro nó ag tabhairt cuairte ar thíortha i limistéar an euro.

- Eile: **Níl an oiread maorlathais i gceist do ghnóthaí.** Teastaíonn níos mó ordlathais agus cáipéisí le haghaidh trádála le tíortha atá lasmuigh den Aontas Eorpach.

**Dúshláin:**

**Rialacháin bhreise:**
Cuireann an tAontas Eorpach rialacháin bhreise ar ghnó, rud a mhéadóidh costais ghnó.
Sampla: Tá an soláthraí fón póca Three ag cur ardú suas le €5 ar a gcuid praghsanna in aghaidh na míosa, ag cur an mhilleáin ar rialacháin nua fánaíochta.
**Méadú ar iomaíochas**
Dúshlán do ghnóthais na hÉireann is ea an fás i nDomhandú agus cuideachtaí domhanda a dhéanann a n-earraí d'ardchaighdeán a tháirgeadh ar phraghsanna iomaíocha. Beidh ar ghnóthais easpórtála na hÉireann éirí níos éifeachtúla agus infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt d'fhonn táirgí a sholáthar ag a bhfuil gné uathúil dhíolacháin (USP) chun an bhagairt iomaíoch ó chuideachtaí domhanda a shárú.

**Luaineachtaí sa Ráta Malairte/Airgeadra:** De réir mar a théann an Euro (€) chun treise, mar shampla in aghaidh Dhollar na Stát Aontaithe ($), éiríonn easpórtálacha na hÉireann níos costasaí agus bhí sé seo ina bhonn le maolú ar dhíolacháin chuig na margaí ríthábhachtacha idirnáisiúnta seo.

**Tá earraí a thrádáiltear idir tíortha AE agus tíortha nach bhfuil in AE** faoi réir dleachtanna áirithe custaim, a mhéadaíonn praghas díola na n-easpórtálacha agus a fhágann nach bhfuil siad chomh hiomaíoch agus a d'fhéadfaidís a bheith. Is minic a bhíonn trádáil lasmuigh de AE faoi réir srianta agus d'fhéadfadh go mbeadh ceadúnais bhreise easpórtála ag teastáil, mar shampla.

D'fhéadfadh go mbeadh **difríochtaí teanga agus cultúrtha** ina mbac nuair atáthar ag easpórtáil chuig tíortha nach bhfuil in AE. Tá sé tábhachtach eolas a fháil ar nósanna, ar chultúr agus ar theanga ar mhaithe le táirgí a mhargú gan stuaic a chur ar dhaoine. D'fhéadfadh go mbeadh cumasc oiriúnaithe margaíochta ag teastáil.

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Costas dáileacháin:**<br>Beidh costais dáileacháin níos airde toisc go bhfuil Éire suite go geografach ar fhorimeall na hEorpa, a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le costais iompair níos airde agus praghsanna níos daoire.<br><br>**An Breatimeacht:** Chruthaigh sé go leor éiginnteachta do thionscail/ghnóthais áirithe. D'fhéadfadh sé sin tionchar diúltach a imirt ar thrádáil na hÉireann. Téann go leor d'easpórtálacha talmhaíochta na hÉireann chuig an Ríocht Aontaithe i láthair na huaire agus má ghearrtar taraifí agus cuótaí orthu beidh ar ghnóthais Éireannacha féachaint ar mhargaí eile.<br><br>**Bagairtí do cháin chorparáide na hÉireann:** Iarracht rátaí cánach comhchuibhithe a chur i bhfeidhm/D'fhéadfadh titim teacht ar ioncam ó cháin má chruthaítear bonn cánach comhdhlúite d'Éirinn. D'fhéadfadh cuideachtaí ilnáisiúnta a lonnaíonn in Éirinn mar gheall ar rátaí cánach corparáide ísle bogadh chuig tíortha eile. | |

**(C)** Bhí tionchar ag Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide (TFC) ar an trádáil idirnáisiúnta. Tabhair breac-chuntas ar fhorbairtí sa TFC a rinne níos éasca é do ghnólachtaí Éireannacha a bheith ag trádáil go hidirnáisiúnta.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **3** | **C** | | **Leathanbhanda Ardluais/Wi-Fi/5G**<br>• Mar thoradh ar dhul chun cinn leanúnach sa teicneolaíocht tá cumarsáid ardluais ar fud an domhain.<br>• Is féidir le gnóthais Éireannacha cumarsáid a dhéanamh le custaiméirí, soláthraithe, soláthraithe seirbhíse, etc., le brú cnaipe.<br>• Laghdaigh sé costais do ghnóthais agus thug sé níos mó rochtana dóibh ar chustaiméirí ar fud an domhain.<br>• D'éascaigh an feabhsúchán ar rochtain agus luas idirlín físchomhdháil agus ríomhthráchtáil. Tá sé sin ríthábhachtach do ghéarchéim Covid-19.<br><br>**Ríomhthráchtáil/Díol ar líne/Díolacháin Mhéadaithe:**<br>• Tagraíonn ríomhthráchtáil do ghnóthais ag díol earraí agus seirbhísí ar líne.<br>• Tríd an idirlíon a úsáid mar uirlis díolacháin, ní gá do ghnóthais na hÉireann brath a thuilleadh ar mhodhanna miondíola traidisiúnta chun díol le custaiméirí.<br>• Ceadaíonn díol ar líne do na gnóthais is mó fiú a gcorrlaigh díolacháin agus bhrabúis a mhéadú mar go mbíonn deiseanna le díol ar fud an domhain, nuair atá láithreacht acu ar líne.<br>• Choimeád sé sin sreabhadh airgid do ghnóthais a dhún le linn phaindéim Covid-19.<br><br>**Físchomhdháil/Laghdaítear costais:**<br>• Tagraíonn físchomhdháil do chruinnithe fíorúla a úsáideann an teicneolaíocht.<br>• Mar thoradh ar fhorbairtí i TFC tá modhanna níos costéifeachtaí ann don chumarsáid, táirgeadh, díolacháin, etc.<br>• Is féidir le gnóthais Éireannacha cruinnithe a reáchtáil trí bhogearraí físchomhdhála mar 'Zoom', costais taistil a laghdú agus úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an am.<br>• Ní úsáideann gnóthais Éireannacha ach ardán ar líne amháin, agus mar thoradh air sin laghdaítear méid na daonchumhachta a theastaíonn chun an táirge/an | 15<br><br>3 x 5m<br>(3+2) |


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | tseirbhís a dhíol. Laghdaíonn sé sin go mór an costas as foireann a fhostú.<br><br>**Feabhsaítear Taighde Margaidh/Bunachair Sonraí/Anailísíocht Sonraí/ Cinnteoireacht:**<br>• Is féidir leis an ngnóthas an margadh a úsáid chun taighde a dhéanamh ar mhargaí, iomaitheoirí, soláthraithe, etc., agus dá bharr sin cabhrú leo cinntí níos fearr agus níos tapa a dhéanamh agus úsáid á baint as foinsí difriúla éagsúla.<br>• Bíonn sábháil costas agus méadú ar bhrabúis mar thoradh ar chinnteoireacht níos fearr.<br><br>**Na Meáin Sóisialta/Margaíocht Dhigiteach/Uirlis Fógraíochta:**<br>• Le forbairtí i TFC tá athrú amach is amach tagtha ar an gcaoi a bhfógraíonn gnóthais iad féin agus ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn siad le custaiméirí.<br>• Coimeádann na meáin sóisialta mar Facebook agus Instagram, Snapchat, gnóthais ceangailte lena gcustaiméirí 24/7.<br>• Ligeann sé dóibh fógraíocht a chur in oiriúint dóibh agus dílseacht custaiméara a fhorbairt.<br><br>**Ríomhphost:**<br>• Leis an ríomhphost tá cumarsáid scríofa athraithe ó bhonn.<br>• Is féidir méideanna móra sonraí a sheoladh agus a fháil. Laghdaigh an ríomhphost an costas as cumarsáid scríofa agus mhéadaigh sé a luas.<br>**Glac le freagraí cuí eile mar CAD, CAM, etc.** | |

| Ceist 4 | Fiontraíocht/Bainistíocht |
|---|---|

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha éagsúla pleanála a chuireann le rath gnólachta. Bíodh baint ag do fhreagra le Good4U, agus aon bhonn tuisceana atá cuí á gcur san áireamh agat.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | A | | **Plean straitéiseach**<br>• Tagraíonn sé sin do phlean fadtéarmach ina bhfuil cuntas ar na spriocanna nó na cuspóirí a bheidh le baint amach thar thréimhse ama níos faide. Plean ina leagtar amach na spriocanna atá le baint amach thar na 5-10 bliana atá le teacht.<br>• e.g. is é plean fadtéarmach Good4U ná a bheith ar cheann an mhargaidh i margadh an bhia fholláin.<br><br>**Plean oirbheartaíochta**<br>• Miondealú oirbheartaíochta an phlean straitéisigh ina spriocanna nó cuspóirí a bheidh le baint amach taobh istigh de 1-2 bhliain eile. Pleananna gearrthéarmacha.<br>• e.g. bheadh plean Good4U chun táirgí nua a sheoladh mar chuid de phlean oirbheartaíochta.<br><br>**Plean teagmhais**<br>• Plean atá anseo i gcomhair éigeandálaí nó imeachtaí nach bhfuil aon choinne leo. Is minic a dhéantar tagairt dó mar phlean cúltaca.<br>• e.g. bheadh pleananna i bhfeidhm ag Good4U i gcás go mbeadh deacracht le soláthraí, mar shampla dá n-éireodh soláthraí féimheach. Pleananna cúltaca i gcás go dtarlódh aistarraingt táirge.<br><br>**Plean oibríochtúil**<br>• Plean é seo ina bhfuil cuntas ar na spriocanna agus cuspóirí a bheidh le baint amach ar bhonn laethúil nó seachtainiúil/míosúil.<br>• e.g. spriocanna seachtainiúla agus míosúla phlean Good4U ó thaobh margaíochta agus táirgthe.<br><br>**Ráiteas misin**<br>• Cáipéis físe fhoriomlán do ghnóthas atá anseo. Cé muid? Cé na luachanna atá againn? Ár gcuid oibre<br>• e.g. is é fís fhoriomlán Good4U ná tiomantas do tháirgí folláine agus macánta a tháirgeadh atá inacmhainne. Ba cheart go mbeadh bia folláin ar fáil do gach duine agus táimid leagtha air sin a bhaint amach. Sin an fáth a bhfuilimid ag súil go mbeimid mar an mbranda bia fholláin is mó a mbeidh éileamh air agus a mbeidh muinín as ar domhan.<br><br>**Cineálacha eile pleananna a nglactar leo:**<br>**Plean margaíochta, Pleanáil daonchumhachta, Pleanáil airgeadais** | 20<br><br>4 x 5m<br>(2+2+1) |

**(B)** **(i)** Léirigh, le léaráid, struchtúr eagrúcháin feidhmiúil do ghnólacht déantúsaíochta cosúil le Good4U.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **B** | **(i)** |  | 10<br><br>3,3,2,2 |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr eagrúcháin feidhmiúil.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **4** | **B** | **(ii)** | **Slabhra Ceannais Soiléir**<br>• Bíonn línte údaráis soiléire ag baill foirne i struchtúr feidhmiúil.<br>• Bíonn a fhios ag baill foirne cé hiad na daoine a dtugann siad tuairisc dóibh<br>I struchtúr feidhmiúil bíonn duine i gceannas ar gach rannóg, rud a fheabhsaíonn comhordú, mar bíonn a fhios ag fostaithe cad a iarrtar uathu agus cén uair.<br><br>**Speisialtóireacht/Scileanna agus saineolas roinnte**<br>• Tógtar saineolas le chéile nuair atá fostaithe ó dhisciplíní cosúla, i.e. gach innealtóir, ag obair le chéile. Is féidir le fostaithe foghlaim óna chéile agus níos mó scileanna a shealbhú.<br>• Tá sé sin chun tairbhe na táirgiúlachta sa ghnóthas agus cabhraíonn sé le forbairt foirne.<br>**Cinnteoireacht Níos Fearr**<br>• Is féidir le baill foirne dul i gcomhairle le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu. Bíonn leibhéil éagsúla de scileanna agus de shaineolas i ngach rannóg.<br>• Ligeann sé sin do bhaill foirne an cinneadh is eolaí a dhéanamh agus beidh torthaí níos fearr air sin. | 10<br><br>2@5(2+3) |

**(C) (i)** Mínigh, agus tú ag úsáid sampla, an téarma **infhiontraíocht**.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | C | (i) | Fostaí i ngnóthas a ghabhann do ghníomhaíocht fiontraíochta/a thagann suas le smaointe nua sa ghnóthas/le haghaidh an ghnóthais a bhfuil sé/sí fostaithe ann. Tagann infhiontraithe suas le bealaí le costais a laghdú nó le smaointe do tháirgí nua. Teastaíonn saoirse agus acmhainní (acmhainní daonna agus caipiteal) ó infhiontraithe chun a gcuid smaointe a fhorbairt.<br>e.g. Bhí an smaoineamh le haghaidh Gmail ag oibrí i Google.<br>Bhí an smaoineamh le haghaidh Google Maps ag oibrí i Google.<br>Bhí an smaoineamh le haghaidh an Xbox ag oibrí i Microsoft.<br>D'aithin fostaí i Good4U beart chun costais a shábháil. | 8<br><br>8m<br>(3+2+3) |

**(ii)** Léirigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann gnólacht as an infhiontraíocht.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 4 | C | (ii) | **Méadú ar Dhíolacháin – Táirgí/Margaí Nua Aitheanta**<br>Forbraítear táirgí/seirbhísí nua mar thoradh ar an infhiontraíocht. Bíonn infhiontraithe ina gcrainn taca don athrú, agus iad ag cuardach bealaí leis an ngnóthas a mhéadú agus a leathnú i gcónaí, chun an próiseas gnó nó an táirge a fheabhsú don ghnóthas ina bhfuil siad fostaithe. Tá forbairt táirgí nua agus an mhargaidh an-tábhachtach chun a chinntiú go leanfaidh gnóthas ar bith/gach gnóthas ar aghaidh.<br>e.g. Tháinig fostaí Sony suas leis an smaoineamh do chonsól cluichí ar a thabharfaí *'The Playstation'*. Mhéadaigh sé sin díolacháin agus brabúis Sony.<br><br>**Costais Laghdaithe – Éifeachtúlacht Fheabhsaithe/Táirgiúlacht Mhéadaithe**<br>Bíonn níos mó táirgiúlachta sa ghnóthas mar thoradh ar smaointe éagsúla a thugtar isteach. Bíonn an gnóthas níos brabúsaí mar thoradh ar go leor smaointe nua agus bearta laghdaithe costas a thabhairt isteach.<br>e.g. Tháinig fostaí i Cadbury's suas le feabhsúchán ar phacáistiú a laghdaigh costais.<br><br>**Meanma Ardaithe i measc na Foirne agus Spreagadh Méadaithe i measc na Foirne**<br>Baintear níos mó taitnimh as an áit oibre/cothaítear oibrithe oilte chun nuáil a chur chun cinn. Áit a dtáirgtear deis do bhaill foirne a bheith ina n-infhiontraithe is gnách go mbíonn siad níos táirgiúla agus níos sásta ina gcuid oibre. Bíonn níos mó spreagtha agus caidreamh tionsclaíoch níos fearr ann, rud a shábhálann am agus airgead sa ghnóthas. | 12<br><br>2 x 6m<br>(2+2+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | e.g. tá Facebook ar cheann de na fostóirí is mó ar an domhan. Spreagann Facebook infhiontraíocht.  D'fhorbair fostaí an smaoineamh don chnaipe 'Like'. Bíonn tionchar dearfach ag spreagadh na hinfhiontraíochta ar mheanma foirne agus spreagadh foirne sa ghnóthas. | |

| **Ceist 5** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

**(A) (i)** Mínigh an bhrí atá le **táthcheangal.**

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **A** | **(i)** | I gcás láimhdeachais, ceannaíonn gnólacht amháin scair cheannasach (50.1% nó níos mó de na scaireanna vótála) i ngnólacht eile agus 'sealbhaíonn' sé é. Is minic a bhíonn táthcheangal (nó éadáil) naimhdeach agus is féidir go gcuirfeadh sé i gcoinne thoil na n-úinéirí reatha. | 5<br><br>5m<br>(3 + 2) |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le táthcheangal mar mhodh leathnaithe gnólachta.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **5** | **A** | **(ii)** | **<u>Buntáiste:</u>**<br>**Méadú ar Dhíolacháin/Táirgí nua a fháil:**<br>Faigheann an gnóthas táirgí nua agus méadaíonn siad a bpunann táirgí mar thoradh ar éadáil. Féadann méadú ar dhíolacháin agus brabúis a bheith mar thoradh air sin.<br>Mar gheall ar tháthcheangal Apple ar Beats by Dr. Dre tá cluasáin Beats mar chuid de phunann táirgí Apple anois.<br><br>**An Sciar den Mhargadh:**<br>Buntáiste amháin a bhaineann le héadáil ná go bhfaigheann an gnóthas sciar den mhargadh i dtionscal ar an bpointe.<br>Tháinig Apple chun bheith ina cheannaire margaidh i dtionscal na gcluasán agus i dtionscal an tsruthaithe ceoil tar éis Beats by Dr. Dre a éadáil.<br><br>**Sealbhú saineolais/baint amach sineirgí:**<br>Sealbhaíonn an gnóthas saineolas na foirne ón gcuideachta a cheannaigh siad.<br>Fuair Apple saineolas na foirne i Beats by Dr. Dre. Chabhraigh sé sin le Apple cluasáin gan sreang Apple a fhorbairt chomh maith le seirbhís sruthaithe ceoil Apple.<br><br>**<u>Míbhuntáiste</u>:**<br>**Costas ard ag baint le héadáil:**<br>Is é atá i gceist le héadáil ná go gceannaíonn gnóthas amháin 51% de na scaireanna i gcuideachta eile. Is modh costasach é chun méadú. Freisin bíonn táillí dlí móra ag baint leis.<br>e.g. d'íoc Apple $3 bhilliún dollar chun Beats by Dr. Dre a cheannach. | 15<br><br>3 x 5m<br>(3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Deacrachtaí/Coimhlint Caidrimh Thionsclaíoch**<br>Is féidir le héadáil a bheith doicheallach. Tarlaíonn sé sin nuair a bhíonn céatadán mór de scairshealbhóirí i gcoinne an táthcheangail. D'fhéadfadh go mbeadh coimhlint mar thoradh air sin.<br>Má tharlaíonn iomarcaíochtaí mar thoradh ar éadáil is féidir le fadhbanna caidrimh thionsclaíoch eascairt as. | |

**(B)** Déan cur síos ar na cúiseanna a ndéanann gnólacht taighde margaidh.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | B | | • **Méid/Acmhainn an Mhargaidh** – Is gá don ghnóthas tabhairt faoi thaighde chun méid iarbhír an spriocmhargaidh a oibriú amach chomh maith leis an bpoitéinseal dul isteach sa mhargadh sin.<br>• **A aithint an bhfuil éileamh ann** – Is gá don ghnóthas triail a bhaint as an táirge ar an margadh chun féachaint an mbeadh spéis ag daoine sa táirge. Ceadóidh sé sin don ghnóthas aiseolas a fháil faoin táirge agus aon athruithe a dhéanamh a d'fhéadfadh a bheith riachtanach.<br>• **Pointe praghais a shocrú** – Is gá don ghnóthas taighde a dhéanamh ar an gcostas as an táirge a tháirgeadh, a dháileadh agus a fhógairt agus ar an méid a bheadh custaiméirí féideartha sásta íoc as an táirge.<br>• **Iomaitheoirí a aithint** – Ní mór don ghnóthas eolas a aimsiú faoi gach iomaitheoir – líon na n-iomaitheoirí, a raon táirgí, a gcuid straitéisí praghsála, etc. Cabhróidh sé sin le straitéisí a fhorbairt chun dul san iomaíocht leis na gnóthais eile sin.<br>• **Spriocanna a shocrú don ghnóthas** – trí thaighde a dhéanamh beidh an gnóthas in ann cuspóirí/spriocanna a shocrú ansin a bhfuil súil acu a bhaint amach thar thréimhse shonrach ama.<br>• **Chun rochtain a fháil ar airgeadas** – má tá sé de rún ag an ngnóthas iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ó institiúid airgeadais nó ó ghníomhaireacht Rialtais, is gá go ndéanfaidís taighde margaidh ar inmharthanacht an ghnóthais.<br>• **Níos mó deiseanna a aithint** – trí phlé le custaiméirí féideartha agus monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí, féadfaidh sé sin cabhrú leis an ngnóthas níos mó smaointe a fhorbairt chun táirgí reatha a fheabhsú. | 20<br><br>4 x 5m<br>(2+3) |

**(C)** Déan measúnú ar chaipiteal fiachais in aghaidh caipiteal cothromais mar mhodhanna chun leathnú gnólachta a mhaoiniú.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 5 | C | | **Rialú:**<br>• Caipiteal fiachais – ní bheidh tionchar ar rialú an ghnóthais ag iasachtaí fadtéarmacha a úsáidtear chun an gnóthas a mhaoiniú.<br>• Cothromas – D'fhéadfadh eisiúint scaireanna rialú an ghnóthais a chaolú.<br><br>**Measaim gur fearr caipiteal cothromais mar nach lagaítear smacht na n-úinéirí reatha. Coimeádann siad smacht iomlán agus iad ag méadú.**<br><br>**Aisíocaíochtaí Úis/Díbhinní**<br>• Caipiteal Fiachais – Ní mór aisíocaíochtaí úis seasta a dhéanamh e.g. Dintiúir, Díbhinní Seasta e.g. Scaireanna Tosaíochta 8%<br>• Caipiteal cothromais – níl aon aisíocaíochtaí seasta i gceist. Níl aon dualgas i leith sealbhóirí gnáthscaireanna. Ar a shon sin, más beag do na díbhinní nó mura n-íoctar iad, d'fhéadfadh sé seo drochthionchar a imirt ar an scairphraghas.<br><br>**Measaim gurb é caipiteal cothromais an rogha is fearr mar nach bhfuil aon aisíocaíochtaí iasachta i gceist, mar sin ní úsáidtear brabúis nua chun an fiachas agus an t-ús a íoc.**<br><br>**Riosca**<br>• Caipiteal Fiachais – ardriosca – bíonn an gnóthas ardghiaráilte. Ní mór aisíocaíochtaí úis sheasta a dhéanamh ar neamhaird le brabúsacht. Riosca méadaithe i leith féimheachta – níos mó creidiúnaithe, ar seans gur mhian leo an gnólacht a fhoirceannadh agus na sócmhainní a leachtú d'fhonn fiacha a íoc.<br>• Cothromas – tá riosca íseal ag gabháil le caipiteal cothromais. Bíonn an gnó ísealghiaráilte. Ní bhíonn aon aisíocaíochtaí fiachais fadtéarmacha ná aisíocaíochtaí úis ag an ngnóthas. Ní bheadh sé chomh dóchúil céanna go mbeadh an gnóthas bancbhriste, de bharr gurb ann do níos lú creidiúnaithe.<br><br>**Measaim gur fearr caipiteal cothromais a úsáid mar gur rogha ísealriosca atá ann ach gur rogha ardriosca atá i gcaipiteal fiachais agus go bhféadfadh go mbeadh ar an ngnóthas dúnadh dá bharr.**<br>**Comhthaobhacht**<br>• Caipiteal Fiachais – bíonn gá le hurrús ó airgeadas agus iasacht fhadtéarmach á lorg.<br>• Caipiteal cothromais – ní iarrtar aon urrús nuair atá gnáth-chúlchistí nó gnáth-scairchaipiteal á n-úsáid. | 20<br><br>4 x 4m<br>(2 + 2)<br><br>Measúnú<br>(0,2,4) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | ***Measúnú ag teastáil.***<br><br>**Impleachtaí Cánach**<br>• Caipiteal Fiachais – Tá aisíocaíochtaí úis in-asbhainteach ó thaobh cánach.<br>• Caipiteal Cothromais – Níl díbhinní do shealbhóirí gnáthscaireanna in-asbhainteach ó thaobh cánach.<br>***Measúnú ag teastáil.*** | |

**Ceist 6** — **Bainistíocht/Gnó i nGníomh**

**(A)** **(i)** Agus tú ag tagairt do Chultúr na Spórtlainne, léirigh cad is **margadh nideoige** ann.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **A** | **(i)** | Is é atá i margadh nideoige ná cuid bheag speisialaithe de mhargadh níos mó le haghaidh táirge nó seirbhíse. Is margadh speisialaithe é nach bhfuil ach cúpla soláthraí ann.<br>e.g. Cuireann Cultúr na Spórtlainne ranganna campaí aclaíochta bugaí ar fáil do thuismitheoirí páistí nuabheirthe<br>NÓ<br>Cuireann Cultúr na Spórtlainne ranganna ar fáil atá dírithe ar fhir agus ar mhná atá ag ullmhú d'ócáid ar leith cosúil le bainis | 6<br><br>(3 + 3) |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na tosca a chuirfeadh banc Dhónaill san áireamh sula gceadófaí iarratas ar iasacht airgid.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **A** | **(ii)** | **Creidiúnacht:**<br>Féachfaidh an banc ar a stair chreidmheasa agus ar an gcuntas atá aige maidir le hiasachtaí roimhe a aisíoc.<br>Déanfaidh aon drochfhiachas roimhe seo dochar dá iarratas ar iasacht.<br><br>**Cumas/acmhainn chun an iasacht a aisíoc/Plean Gnó:**<br>Beifear ag súil go soláthróidh Dónall plean gnó ina leagfar amach a stair thrádála agus treochtaí tuartha brabúis don ghearrthéarma agus don mheántéarma. Brabúsacht / leachtacht / giaráil.<br><br>**Méid/cuspóir na hiasachta/Tréimhse ama don iasacht:** De réir mar a mhéadaíonn an méid iasachta a theastaíonn, is amhlaidh is rioscúla a bheidh sé don bhanc ó thaobh mainneachtana de. | 14<br><br>2@5(3+2)<br>1@4(3+1) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | D'fhéadfaí difear a dhéanamh don iarratas ar iasacht dá bharr. Ina theannta sin, beifear ag súil go n-úsáidfear an iasacht atá á hiarraidh chun críche táirgiúla e.g. leathnú gnó.<br><br>**Infhaighteacht Urrúis:** Beidh gá le sócmhainn luachmhar ar nós áitribh a úsáid mar chomhthaobhacht don iasacht. I gcás mainneachtana, beidh an banc in ann an tsócmhainn a dhíol chun an iasacht a thug sé a aisghabháil.<br><br>Leibhéal a infheistíochta féin/Deontais etc | |

**(B)** (i) Pléigh na buntáistí a bhaineann le Cumasú Fostaithe.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **B** | **(i)** | **Feabhsaíonn sé an chinnteoireacht – déanann baill foirne a bhfuil an saineolas acu cinntí éifeachtacha – brostaíonn sé cinntí**<br>• Is féidir cinntí a dhéanamh níos tapa agus ní bhíonn orthu cead a fháil i gcónaí ó bhainisteoir/duine sinsearach – déanann sé sin cinntí níos moille.<br>• Is minic a bhíonn an saineolas ag fostaithe chun cinntí tapa a dhéanamh, éascaíonn cumhachtú cinnteoireacht thapa éifeachtach.<br><br>**Ullmhaíonn sé baill foirne do róil Bhainistíochta/arduithe céime – cuireann sé oiliúint ar bhaill foirne chun a bheith ina gcinnteoirí**<br>• Ciallaíonn cumasú go bhfaigheann baill foirne taithí thar a bheith luachmhar ar chinntí a dhéanamh agus ceisteanna breithiúnais a fhreagairt.<br>• Ullmhaíonn sé sin baill foirne d’arduithe céime/ról bainistíochta a fhéadann an gá le hoiliúint a laghdú<br><br>**Spreagadh Méadaithe – Meanma Foirne & Sásamh Poist Ardaithe**<br>• Cumasófar fostaithe, a cheadóidh dóibh cinntí a dhéanamh, méadóidh sé muinín na mbainisteoirí astu agus ceadóidh sé dóibh riachtanais féinmheasa a shásamh (Maslow).<br>Is é an tairbhe don ghnóthas ná go mbeadh níos mó fuinnimh agus táirgiúlachta i measc na foirne, agus go mbeadh ráta athraithe na foirne níos ísle. | 15<br><br>3x 5m<br>(3+2) |

**(B)** **(ii)** Tabhair breac-chuntas ar bhac **amháin** a d’fhéadfadh a bheith ar Chumasú Fostaithe.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| **6** | **B** | **(ii)** | **Stíl bhainistíochta – Rialaitheoir/Ceannaire Uathlathach/ Cur Chuige Theoiric X**<br>D’fhéadfadh nach mbeadh an bainisteoir ag iarraidh freagracht as cinnteoireacht a thabhairt do bhaill foirne má stíl ceannaireachta uathlathaí acu nó má ghlacann siad cur chuige rialaitheora i dtreo na bainistíochta. Bheadh eagla ar cheannaire uathlathach go mbainfí an bonn dá (h)údarás féin dá ndéanfaí an fhoireann a chumasú.<br><br>**Saineolas foirne/taithí foirne**<br><br>D’fhéadfadh nach mbeifí in ann an fhoireann a chumasú mura mbeadh neart scileanna, saineolais agus/ná taithí ag an bhfoireann. D’fhéadfadh go ndéanfaí drochchinntí dá ndéanfaí baill foirne neamhinniúla a chumasú. | 5<br>(3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | **Drogall Foirne – Meanma foirne**<br>D’fhéadfadh go mbeidh drogall ar bhaill foirne glacadh le freagracht bhreise cinnteoireachta. | |

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma **árachas dliteanais phoiblí**.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | C | (i) | **Cosnaíonn Árachas Dliteanais Phoiblí** an gnóthas ar chaillteanas airgeadais mar thoradh ar éilimh a dhéanann baill den phobal/tomhaltóirí mar thoradh ar thionóiscí a tharlaíonn ar an áitreabh gnó.<br>e.g. cosnaíonn árachas Dliteanais Phoiblí an gnóthas ar éileamh ar dhamáistí ó thomhaltóir a thiteann agus a ghortaítear ar an áitreabh gnó. | 5<br><br>5m<br>(3+2) |

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** chineál árachais, **seachas dliteanas poiblí**, a d'fhéadfadh a bheith ag gnólacht.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 6 | C | (ii) | **Árachas Dliteanas Fostóra**<br>Clúdaíonn sé seo an gnólacht in aghaidh éileamh a dhéanann fostaithe de bharr timpistí san ionad oibre.<br>**Árachas Ráthaíochta Dílseachta**<br>Cosnaíonn sé an gnóthas ar chaillteanas airgeadais mar thoradh ar chalaois nó goid airgid nó stoic ag fostaí.<br>**Árachas Dliteanais i leith Táirgí**<br>Tugann sé seo cosaint don ghnólacht má dhéanann custaiméir éileamh ina aghaidh de bharr táirgí lochtacha a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh.<br>**Foirgnimh agus Ábhar**<br>Cuireann an t-árachas seo cosaint ar fáil ar chaillteanais agus ar dhamáiste a dhéantar do struchtúr an fhoirgnimh de bharr tine, tuile nó stoirme. Ba cheart a áirithiú go bhfuil aláram deataigh feistithe ann agus go bhfuil go leor múchtóirí dóiteáin san áitreabh.<br>**Earraí faoi Bhealach/Caillteanas Iarmhartach**<br>Cosnaíonn sé an gnóthas ar chaillteanas airgeadais mar thoradh ar dhochar a bheith déanta d'earraí/stoc agus iad á n-iompar.<br>**Árachas le haghaidh Daoine Riachtanacha**<br>Cosnaíonn sé an gnóthas ar chaillteanas airgeadais mar thoradh ar fhostaí ríthábhachtach (príomheolaí/taighdeoir/imreoir peile). Is é atá in árachas do dhaoine riachtanacha ná cineál polasaí árachais a thógann an gnóthas amach ar shaol fostaí riachtanaigh. Freisin is féidir leis an bpolasaí íocaíocht a dhéanamh i gcás go ndéantar an duine riachtanach a dhiagnóisiú le breoiteacht thromchúiseach shonrach, ar nós ailse nó taom croí.<br>**Árachas mótair**<br>Cineál éigeantach árachais nach mór a íoc de réir an dlí má tá an gnóthas nó an duine aonair ina n-úinéir mótarfheithicle. Cosnaíonn sé an gnóthas ar chaillteanas airgeadais mar thoradh ar thionóisc gluaisteáin. Áirítear le trí chineál árachais gluaisteáin: árachas tríú páirtí, árachas tríú páirtí & árachas gadaíochta, agus árachas lánchuimsitheach. | 3 x 5m<br>(3+2) |

| **Ceist 7** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

**(A)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le híomhá branda láidir a bheith ag gnólacht.

Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | A | | • **Dílseacht Bhranda** – forbróidh branda láidir atá nasctha le dea-chaighdeán, comhsheasmhacht, etc., bonn custaiméirí dílse a leanfaidh orthu ag ceannach an taighde fiú nuair a théann praghsanna i méid<br>e.g. ceannaíonn go leor tomhaltóirí Barry's Tea agus bíonn siad i gcoinne brandaí malartacha.<br>Bíonn custaiméirí an Apple iPhone an-dílis don bhranda agus léiríonn an taighde go ndéanann an chuid is mó de thomhaltóirí uasghrádú chuig leaganacha níos deireanaí den fhón e.g. uasghrádú ó iPhone 7 go iPhone 8<br>• **Is féidir praghsanna níos airde a ghearradh** – is gnách go mbíonn branda láidir nasctha le hardchaighdeán. Má chothaíonn an branda clú agus cáil as caighdeán agus comhsheasmhacht ligeann sé dóibh praghsanna níos airde ná a gcuid iomaitheoirí a ghearradh.<br>e.g. gnóthais iad Rolex agus Ferrari a ghearrann praghas ard as an táirge bunaithe ar neart a n-íomhá branda.<br>Gearrann Apple praghsanna níos airde ná Samsung.<br>• **Aitheantas branda** – nuair a bhíonn branda láidir bíonn sé i bhfad níos éasca an táirge/an tseirbhís a aithint le hais táirgí/seirbhís iomaitheora e.g. bíonn sé éasca suaitheantas agus branda sainiúil Apple a aithint agus tarraingíonn siad aird an tomhaltóra. Is féidir le custaiméirí brandaí mar McDonalds a aithint.<br>• **Níos éasca táirgí nua a sheoladh** – trí bhranda láidir a bheith acu is féidir le gnóthas táirgí nua a sheoladh faoina ainm branda reatha. Tugann sé sin deis don ghnóthas cur leis an sciar den mhargadh e.g. Sheol Apple an iPod agus d'éirigh go han-mhaith leis, tháinig an iPhone agus an iPad ina dhiaidh sin. Lig neart íomhá branda Nike don ghnóthas smaoineamh as an nua agus táirgí nua a fhorbairt.<br>• **Cabhraíonn sé le fógraíocht** – bíonn sé níos éasca do ghnóthais ag a bhfuil branda láidir a gcuid táirgí/seirbhísí a fhógairt. Is féidir ainm nó suaitheantas branda atá láidir agus aitheanta go forleathan a fhógairt go héasca i bhformáidí éagsúla e.g. ní ghabhann Apple d'fhógraíocht dhíreach mar tá a mbranda | 20<br><br>2@4+3<br>1@3+3<br><br>Buntáiste, sampla |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | chomh láidir agus chomh hinfheicthe ar fud an domhain nach gá é a fhógairt ar scála mór. | |

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma **coincheap margaíochta**.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | B | (i) | Tagraíonn an coincheap margaíochta don fhealsúnacht gur cheart do ghnóthais riachtanais tomhaltóirí a thuiscint, anailís a dhéanamh orthu agus iad a thuar agus an t-eolas sin a úsáid chun táirgí a tháirgeadh a fhreastalaíonn níos éifeachtaí ar an riachtanas ná mar a fhreastalaíonn tomhaltóirí.<br>Faoin gcoincheap margaíochta is gá do ghnóthas riachtanais an mhargaidh a thuiscint agus a thuar chun straitéis éifeachtach margaíochta a fhorbairt | 5<br><br>5 m<br>(3+2) |

**(ii)** Déan measúnú ar na gnéithe **Cur chun cinn** agus **Áit** den Chumasc (Mheascadh) Margaíochta do tháirge **nó** do sheirbhís a roghnaíonn tú féin.

| Ceist | | | Freagraí Féideartha | Uas-Mharc |
|---|---|---|---|---|
| 7 | B | (ii) | **Cur chun cinn:**<br>• Tagraíonn cur chun cinn do na modhanna go leor a úsáideann gnóthas chun<br>feasacht a chruthú faoin mbranda/faoin tseirbhís.<br>• D'fhéadfadh go mbeadh fógraíocht, tionscnamh díolacháin, caidreamh poiblí nó díolachán díreach i gceist leis.<br>• Braitheann na modhanna cur chun cinn a úsáidtear ar an gcineál táirge, an buiséad atá ar fáil, áit i dtimthriall an táirge.<br><br>**Tagairt do tháirge nó do sheirbhís dá rogha féin –** Úsáideann Nike modhanna cur chun cinn éagsúla. Úsáideann siad an fhógraíocht – tá clú agus cáil ar chuid d'fhógraí teilifíse Nike. Úsáideann siad caidreamh poiblí freisin. Bhí Nike ar cheann de na chéad chuideachtaí a d'úsáid Tacaíocht Ceiliúráin – úsáideann siad réaltaí spóirt mar Michael Jordan, Rory McIllroy, Maria Sharapova agus Cristiano Ronaldo.<br><br>***Measúnú –*** *Ceapaim go n-éiríonn thar barr le Nike leis an ngné Cur chun cinn den Chumasc (meascadh) margaíochta. Trí PR a úsáid agus daoine cáiliúla a íoc as tacú lena dtáirge cruthaítear éileamh ar a dtáirgí i measc lucht leanúna spóirt/an spriocmhargaidh. Creidim freisin go bhfuil sé an-chliste fógraíocht chruthaitheach ar an teilifís agus sna meáin shóisialta a úsáid chun aird a tharraingt ar a gcuid luachanna branda agus ar na lúthchleasaithe a bhfuil baint acu leo.*<br><br>**Áit:**<br>• Tagraíonn áit do na cainéil dáileacháin a úsáideann an táirgeoir<br>chun an táirge/an tseirbhís a thabhairt chuig an margadh.<br>• Braitheann na cainéil dáileacháin a úsáidtear ar an gcineál táirge, na costais, ionad an mhargaidh, etc. | 2 x<br>10m<br>4,1,4,1 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | • Is féidir leis an gcainéal dáileacháin dul i bhfeidhm ar fháil an táirge agus ar bhrabúsacht an ghnóthais.<br><br>e.g. Úsáideann Nike nó Huawei na cinn seo a leanas: Monaraí – Miondíoltóir – Tomhaltóir.<br>**Tagairt do tháirge nó do sheirbhís dá rogha féin** – Déanann Nike earraí spóirt ach úsáideann siad raon miondíoltóirí mar JD Sports, Elverys, Asos, Sportsdirect.ie, etc.<br>***Measúnú –*** *Ceapaim gur straitéis éifeachtach é seo do Nike mar go mbíonn na táirgí gnó ar fáil go forleathan agus mar sin méadaíonn sé sin díolacháin. Trí úsáid a bhaint as miondíoltóirí déantar cinnte go mbíonn an spriocmhargadh in ann rochtain a fháil ar na hearraí.* | |

**(C)** Pléigh na buntáistí a bhaineann le **cuideachta phoiblí theoranta** mar chineál úinéireachta gnó.

| **Ceist** | | | **Freagraí Féideartha** | **Uas-Mharc** |
|---|---|---|---|---|
| **7** | **C** | | **Dliteanas Teoranta:**<br>• Baineann úinéirí cuideachta poiblí teoranta leas as dliteanas teoranta. Eintiteas dlíthiúil ar leithligh atá sa chuideachta agus, dá bharr sin, tá sé scartha agus sainiúil ó na daoine a ritheann í. Is í an chuideachta (seachas na scairshealbhóirí aonair) an duine cuí leis an dlí a chur orthu i gcás go bhfulaingíonn an chuideachta fiachais nach n-íoctar, d'ainneoin éilimh.<br>• Ní chaillfidh na húinéirí ach a n-infheistíocht i gcás go n-éiríonn an chuideachta féimheach.<br>**Níos éasca caipiteal a ardú:**<br>• Bíonn sé níos éasca do chuideachtaí poiblí teoranta mar Glanbia, Facebook, etc., caipiteal a ardú ná mar a bhíonn do thrádálaithe aonair, cuideachtaí teoranta príobháideacha, etc.<br>• Bíonn sé níos éasca do chuideachtaí Teoranta Poiblí airgeadas a ardú a úsáidtear chun fás a mhaoiniú<br>**Gradam/Aitheantas/Margaíocht:**<br>• Tagraítear do chuideachtaí Poiblí Teoranta mar Glanbia, Facebook, Kingspan, Ryanair, etc., i bhfeasacháin nuachta, ar shuíomhanna gréasáin agus sna nuachtáin gach lá mar go luaitear a scairphraghas.<br>• Feabhsaíonn sé sin aithint na cuideachta.<br>**Bíonn sé níos éasca dóibh lucht saothair ardchaighdeáin a mhealladh:**<br>• Bíonn sé níos éasca do chuideachtaí Poiblí Teoranta foireann ardchaighdeáin a aimsiú ná mar a bhíonn do chuideachtaí príobháideacha beaga teoranta nó comharchumainn áitiúla etc.<br>• Bíonn sé níos éasca do Google agus Facebook céimithe cuntasaíochta agus/nó céimithe margaíochta a mhealladh ná mar a | 15<br><br>3 x 5m<br>(3+2) |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | bhíonn do thrádálaí aonair áitiúil nó do chuideachta phríobháideach theoranta. | |